

**The North/South Language Body
Annual Report and Accounts
for the year ended
31 December 2003**

**An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
don bhliain dár chríoch
31 Nollaig 2003**

**Tha Boord o Leid
An Acoont o tha Darg
for the year hinmaist
31 Decemmer 2003**

Foras na Gaeilge

www.gaeilge.ie

Foras na Gaeilge
7 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2.
T: 1850 325 325 / 0845 3098142 (TÉ)
R: eolas@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge
Teach an Gheata Thiar,
2-4 Sráid na Banríona
Béal Feirste
BT1 6ED
T: 028 (048) 9089 0970
R: eolas@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge
7 Merrion Square
Dublin 2
T: 1850 325 325 / 0845 3098142 (NI)
E: eolas@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge
Westgate House
2-4 Queen Street
Belfast
BT1 6ED
T: 028 (048) 9089 0970
E: eolas@forasnagaeilge.ie

Tha Boord o Ulstèr-Scotch

www.ulsterscotsagency.com

Tha Boord o Ulstèr-Scotch
Franklin Haw
5t Flare
10-12 Brunswick Ra
Bilfawst
BT2 7GE
T: 028 9023 1113
F: 028 90231898
E: info@ulsterscotsagency.org.uk

The Ulster-Scots Agency
Franklin House
5th Floor
10-12 Brunswick Street
Belfast
BT2 7GE
T: 028 9023 1113
F: 028 90231898
E: info@ulsterscotsagency.org.uk

The North / South Language Body

Annual Report and Accounts

for the year ended 31 December 2003

*Laid before each House of Parliament
in accordance with the North/South Co-operation
(Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 Schedule 1, Annex 2, Part 7,
paragraphs 1.3 and 2.6*

2 May 2007

*Ordered by The House of Commons to be printed
2 May 2007*

Contents

Board Members of The Language Body	3
Joint Introduction	4
Report of Foras na Gaeilge	5
Report of Tha Boord o Ulstèr-Scotch	27
Financial Statements	48

The Language Body is a North/South Implementation Body sponsored by the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs (DCRGA) and the Department of Culture, Arts and Leisure (DCAL). It was established on the 2nd December 1999 under the British-Irish Agreement establishing implementation bodies, which is underpinned by the British-Irish Agreement Act 1999 and the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999. It reports to the North/South Ministerial Council (NSMC).

The Language Body comprises Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency. Foras na Gaeilge has the principal function of the promotion of the Irish language on an all-Ireland basis. The principal function of the Ulster-Scots Agency is the promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster-Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island.

Clár

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga	3
Comhréamhrá	4
Tuairisc Fhoras na Gaeilge	5
Tuairisc Tha Boord o Ulstèr-Scotch	27
Ráitis Airgeadais	48

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas é an Foras Teanga agus tá sé urraithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF). Bunaíodh é an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh comhlachtaí forfheidhmithe, comhaontú a bhfuil an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann agus an North/South Cooperation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 mar bhonn faoi. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT).

Tá an Foras Teanga comhdhéanta d'Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch. Is é príomhfheidhm Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileánda. Is é príomhfheidhm Tha Boord o Ulstèr-Scotch eolas níos fearr faoi Ultais agus úsáid Ultaise agus saincheisteanna cultúir Ultach-Albanacha a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

Board Members of The Language Body

Lord Laird of Artigarvan (Tha Boord o Ulstèr-Scotch Chairman)

Maighréad Uí Mháirtín (Foras na Gaeilge Chairperson)

Dr. Ian Adamson** (Appointed 1 September 2003)

Liam Corey*

Anne Craig*

Jim Devenney**

Dr Linde Lunney**

Gordon McCoy*

Patrick Mc Glone*

Aodán Mac Póilin*

Gearóid Mac Siacais*

Treasa Ní Ailpín*

Caitríona Ní Cheallaigh*

Mairéad Nic Seaghain*

Maolsheachlainn Ó Caollaí*

Leachlainn Ó Catháin*

Eddie O'Donnell**

Pádraig Ó Duibhir*

Gearóid Ó hEara*

Diarmuid Ó Murchú*

Alastair Simpson**

Robert Stoker**

Brid Uí Néill*

Pat Wall**

* Foras na Gaeilge

** Tha Boord o Ulstèr Scotch

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga

An Tiarna Laird Ard Tí Garbháin (Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scotch)

Maighréad Uí Mháirtín (Cathaoirleach Foras na Gaeilge)

Dr. Ian Adamson** (Ó 1 Méan Fómhair 2003)

Liam Corey*

Anne Craig*

Jim Devenney**

Dr Linde Lunney**

Gordon McCoy*

Patrick Mc Glone*

Aodán Mac Póilin*

Gearóid Mac Siacais*

Treasa Ní Ailpín*

Caitríona Ní Cheallaigh*

Mairéad Nic Seaghain*

Maolsheachlainn Ó Caollai*

Leachlainn Ó Catháin*

Eddie O'Donnell**

Pádraig Ó Duibhir*

Gearóid Ó hEara*

Diarmuid Ó Murchú*

Alastair Simpson**

Robert Stoker**

Brid Uí Néill*

Pat Wall**

* Foras na Gaeilge

** Tha Boord o Ulstèr Scotch

Joint Introduction

We are pleased to present the 2003 Annual Report and Accounts of The Language Body to the public. The two Agencies which form the Language Body continued to grow and develop and to address the numerous and different challenges to their service delivery and linguistic development. They also continued to build on the positive working relationship fostered since the founding of An Foras Teanga in 1999.

During 2003 Foras na Gaeilge continued with the recruitment commenced the previous year and appointed a Deputy CEO/Director of Educational Services who will also be in charge of the Belfast Office.

In June the Ulster-Scots Agency appointed its first permanent member of staff when a Chief Executive was appointed. Subsequently the Agency has been able to appoint a further two permanent staff.

The Agency website – www.ulsterscotsagency.com - was launched on 10th March at the Odyssey Centre Belfast and in the first two weeks following the launch the site attracted over 150,000 hits.

As the Language Body and its two Agencies have evolved, the benefits of their development have become apparent to all communities on the island of Ireland and we look forward to gathering and presenting evidence of our individual and joint working successes in future years.

Maighr  ad U   Mh  irt  n
CHAIRPERSON
FORAS NA GAELIGE

Mark Thompson
CHAIRMAN
THA BOORD O ULST  R-SCOTCH

Comhréamhrá

Tá an-áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais An Fhorais Teanga don bhliain 2003 a chur faoi bhráid an phobail. Lean an dá Ghníomhaireacht ar comhchodanna iad den Fhoras Teanga de bheith ag fás agus ag forbairt. Leanadh chomh maith de bheith ag tabhairt faoi na dúshláin maidir le seachadh agus forbairt teanga. Tógadh chomh maith ar an chomhoibriú dearfach atá ann ó bunaíodh an Foras Teanga i 1999.

Le linn 2003 lean Foras na Gaeilge leis an fheachtas earcaíochta ar cuireadh tús leis i 2002 agus ceapadh Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais le bheith i gceannas ar oifig Bhéal Feirste.

I Meitheamh cheap an Gníomhaireacht Ultach-Albanach Príomhfheidhmeannach buan a bhí chomh maith mar chéad fhostaí buan. Ina dhiaidh sin ceapadh beirt bhall foirne eile.


Ar an 10 Márta seoladh láithreán gréasáin na Gníomhaireachta – www.ulsterscotsagency.com – ag an Odyssey, Béal Feirste. Sa choicís i ndiaidh a sheolta fuair an suíomh breis agus 150,000 amas.

De réir agus atá An Foras Teanga agus a dhá Ghníomhaireacht tar éis teacht chun cinn, tá na buntáistí a bhaineann lena bhforbairt soiléir don phobal uile ar fud oileán na hÉireann agus táimid ag dúil go mór le tuilleadh eolais a chur ar fáil faoin dul chun cinn a dhéanfaimid inár gcuid oibre ar leith agus i bpáirt lena chéile sna blianta atá romhainn.

Maighréad Uí Mháirtín
CATHAOIRLEACH
FORAS NA GAEILGE

Mark Thompson
CATHAOIRLEACH
THA BOORD O ULSTÈR-SCOTCH





Tuairisc Fhoras na Gaeilge 2003

Report of Foras na Gaeilge 2003

Contents

Chairperson's Introduction 7

Communications & Marketing, Community
& Business Section 8

Education Section 10

Arts, Culture and Heritage Section 14

State and Planning Section 17

The Terminology Committee 18

An Gúm 20

ÁIS 24

Strategic Priorities 25

Clár

Réamhrá an Chathaoirligh 7

An Rannóg Cumarsáide, Pobail agus Gnó 8

An Rannóg Oideachais 10

Réimse na nEalaíon, an Chultúir agus
na hOidhreachta 14

An Rannóg Stáit agus Pleanála 17

An Coiste Téarmaíochta 18

An Gúm 20

ÁIS 24

Tosaíochtaí Straitéise 25

Chairperson's Introduction

I am pleased to present our Annual Report for 2003 to the public, and especially to the Irish speaking public, since it is for them that we in Foras na Gaeilge are working.

Foras na Gaeilge's main objectives are – raising the status of the language, improving ability in the language and increasing the use of the language in both public and private life. The wide range of activities with which we were associated during 2003 show that we are eagerly addressing our main objectives in partnership with the Irish language and Educational organisations which we fund.

The organisation is still relatively young and growing and we continue to build on the progress made over the last number of years. The close association with the Sponsor Departments – The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs and The Department of Culture, Arts and Leisure – with our colleagues in The Ulster-Scots Agency, with the Joint Secretariat of the North / South Ministerial Council, with the other North / South implementation bodies continued. The partnership with the Irish language and Educational organisations as well as with the broad range of organisations with whom we work in promoting the language is ongoing.

To further enhance the capacity and capability of the organisation we continued the recruitment campaign begun last year. We will strive to increase the capacity in the future to enable us to address the challenges and opportunities which face the language.

Maighr  ad U   Mh  irt  n
Chairperson
Foras na Gaeilge

Réamhrá an Chathaoirligh

Tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil 2003 a chur faoi bhráid an phobail mar is don phobal, agus do phobal na Gaeilge go háirithe, atá Foras na Gaeilge ag feidhmiú.

Is iad na príomhaidhmeanna atá againn - íomha na Gaeilge a ardú, cumas an duine aonair sa Ghaeilge a ardú agus cur le húsáid na Gaeilge sa saol poiblí agus príobháideach. Ag amharc ar an raon leathan imeachtaí a raibh baint againn leo le linn 2003 is léir go bhfuil muid ag tabhairt faoinár n-aidhmeanna go díograiseach agus go fonnmhar i bpáirtnéireacht leis na heagrais Ghaeilge agus Oideachasúla a mbunmhaoinimid.

Tá an eagraíocht fós óg agus ag fás agus bhí gá le leanstan leis an dul chun cinn a rinneadh le cúpla bliain. Leanadh den dlúth-theagmháil leis na Ranna Urraíochta – An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, lenár gcomhghleacaithe i mBord na hUltaise agus le Comhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh / Theas agus leis na comhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh / Theas eile. Leanadh chomh maith leis an pháirtnéireacht agus an chomhoibriú leis na heagrais Ghaeilge agus Oideachasúla agus leis an raon leathan d’eagrais atá páirteach linn i ngort na Gaeilge.

Chomh maith leanadh leis an fheachtas earcaíochta leis an eagraíocht a chumasú. Déanfaimid ár ndícheall seo sa todhchaí le go mbeidh an eagraíocht in inmhe tabhairt faoi na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an teanga.

Maighréad Uí Mháirtín
Cathaoirleach
Foras na Gaeilge

Communication & Marketing, Community & Business

During 2003 Foras na Gaeilge continued work on a programme to develop the profile of the Irish Language on an all-island basis and to extend the marketing of Irish. During the year Foras na Gaeilge responded to over 2,000 inquiries in relation to the Irish Language.

Communications & Marketing

Publishing

Foras na Gaeilge funded the weekly Irish Language newspaper *Foinse*, agus also made additional funding available for the newspaper *Lá* when it commenced daily publication in April.

Foras na Gaeilge continued to fund the magazine *Comhar* agus a new contract was awarded to Oideas Gael to publish the on-line magazine www.beo.ie

11 editions of the newsletter *SAOL* were published. 15,000 copies of each edition were printed and distributed throughout Ireland and abroad.

Broadcasting

A partnership with The Broadcasting Commission of Ireland was initiated to develop the use of Irish in the independent broadcasting sector and this work continued during 2003. Resources were made available through Foras na Gaeilge to assist those working in this sector.

The Sponsorship Programme of Foras na Gaeilge

Foras na Gaeilge sponsored a broad range of projects during the past year, including: *Ros na Rún* on TG4, *Macalla na hÉireann* – Comhaltas Ceoltóirí Éireann, the All-Ireland Camogie championship, Féile an Phobail in Belfast, the Special Olympics, the Young Scientists' Exhibition, and the Irish Countrywomen's Association.

Foras na Gaeilge's Director of Development, Éamonn Ó hArgáin, meets members of 'Macalla na hÉireann'.

Buaileann Éamonn Ó hArgáin le baill de 'Macalla na hÉireann'.



Press Relations

Foras na Gaeilge had regular contact with the Irish medium media, both printed and electronic to publicise Irish language activities.

An Rannóg Cumarsáide agus Margaíochta, Pobail agus Gnó

Le linn 2003 lean Foras na Gaeilge le clár oibre chun íomhá na Gaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileánda agus le margaíocht éifeachtach na Gaeilge a leathnú. Le linn na bliana dhéileáil Foras na Gaeilge le breis is 2,000 fiosrúchán maidir le ceistanna éagsúla i leith na Gaeilge.



*Maighréd Uí Mháirtín, Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge, agus
Seosamh Mac Donncha, Príomhfeidhmeannach
Maighréd Uí Mháirtín, Chairperson, Foras na Gaeilge, and
Seosamh Mac Donncha, Chief Executive*

Cumarsáid & Margaíocht

Foilsitheoireacht

Ó thaobh nuachtán agus irisí trí Ghaeilge chuir an Foras maoiniú ar fáil don nuachtán seachtainiúil Gaeilge *Foinse* agus thug an Foras maoiniú bhreise don nuachtán *Lá* nuair a foilsíodh é ar bhonn laethúil i mí Aibreán.

Lean an Foras ag maoiniú na hirise *Comhar* agus tugadh conradh nua d'Oideas Gael chun an iris www.beo.ie a fhoilsiú.

Foilsíodh 11 eagrán den nuachtlitir *SAOL*, cuireadh 15,000 cóip i geló agus scaipeadh iad in Éirinn agus ar fud an domhain.

Craolacháin

Cuireadh tús le páirtnéireacht le Coimisiúin Craolacháin na hÉireann chun úsáid na Gaeilge sa réimse neamhspleách a fhorbairt agus lean an obair seo ar aghaidh le linn 2003. I gcomhar le Foras na Gaeilge cuireadh áiseanna ar fáil do chun cabhrú leo siúd atá ag saothrú sa réimse seo.

Clár Urraíochtaí Fhoras na Gaeilge

Bhí áthas ar Fhoras na Gaeilge urraíocht a chur ar fáil i rith na bliana do raon leathan tograí agus i measc na bpríomhcheann bhí, *Ros na Rún* ar TG4, Macalla na hÉireann – Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Craobh Chamógaíochta na hÉireann, Féile an Phobail i mBéal Feirste, Na Cluichí Oilimpeacha Speisialta, Comórtas na nEolaithe Óga agus Bantracht na Tuaithe.

Caidreamh Preas

Bhí teagmháil rialta ag Foras na Gaeilge leis na meáin Ghaeilge idir chlóite agus leictreonach chun eolas faoi imeachtaí Gaeilge a scaipeadh.

In conjunction with *The Star* newspaper a bilingual supplement was printed as part of *Seachtain na Gaeilge*.

Information Stand

Foras na Gaeilge had an information stand at a broad range of events throughout the year including a conference on Irish at university level in Dublin City University, an education conference in Limerick, the Fianna Fáil Ard-Fheis, Fleadh Cheoil na hÉireann, the Annual General Meeting of the General Council of County Councils, the Milwaukee Festival and the conferences of the Irish National Teachers Organisation and the Association of Secondary Teachers of Ireland.

www.gaeilge.ie

Foras na Gaeilge progressed the development of a new internet site www.gaeilge.ie during the year.

Community & Business

Foras na Gaeilge continued throughout 2003 with its programme of developing new thinking that would elevate the status of the Irish Language throughout the whole island of Ireland. There was, as part of this programme, particular emphasis placed on increasing the number of actual Irish speakers as well as creating opportunities for the general population of Ireland to use the Irish Language.

The Irish Language Organisations

During 2003 Foras na Gaeilge funded and core-funded various projects of the main Irish Language organisations, both in the North and South. Among those were: Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Gael-Linn, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, An tOireachtas, An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, Raidió na Life, POBAL, Iontaobhas Ultach, Comhaltas Uladh and Forbairt Feirste. The funding was made available on the basis of agreed programmes that placed emphasis on both the use, and acquisition, of Irish at local level and at an All-Ireland level.

Local Language Projects

Foras na Gaeilge continued with its scheme to fund local language projects, both in the North and in the South. Among the projects that received funding were, An Clár as Gaeilge, Port Láirge le Gaolainne, Ciarraí Beo Teo., Lárionad Cultúrtha Ioslamach Éireann, Cumann Tráchtála Átha Í, Seachtain na Gaeilge, Dáil Uladh, An Gaeláras i nDoire, Pobal Mhuileann an tSiáin agus Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain.

Tidy Towns Competition

Foras na Gaeilge has formed a partnership over the past few years with The Department of Environment, Heritage and Local Government, to promote the use of Irish as part of the Tidy Towns Competition. Foras na Gaeilge sponsors a prize for the town which excels the most in promoting bilingualism as well as another prize for the Best Irish or Bilingual Shop Front. Céideadha, Roscommon, was presented with the Tidy Town first prize and Sráidbhaile, Co. Waterford won the second prize.

Ógshaothar

At the end of 2001, Foras na Gaeilge in association with Údarás na Gaeltachta, commissioned a survey to establish the requirements, structure and demand for Irish-language youth services in Gaeltacht areas and on an all-island basis.

I gcomhar leis an nuachtán *The Star* cuireadh forlíonadh dátheangach i gcló mar chuid de Sheachtain na Gaeilge.

Seastán Eolais Fhoras na Gaeilge

Bhí seastán eolais ag an bhForas ag raon leathan ócáidí i mbliana agus ina measc bhí Comhdháil faoin Ollscolaíocht sa Ghaeilge in Ollscoil Chathair Átha Cliath, Comhdháil Oideachais, Luimneach, Ard-Fheis Fhianna Fáil, Fleadh Cheoil na hÉireann, Comhdháil Bhliantúil Ard-Chomhairle na gContaetha, Féile Ghaelach Milwaukee agus comhdhálacha Chumann Múinteoirí Éireann, agus Chumann na Meánmhúinteoirí.

www.gaeilge.ie

Rinne an Foras forbairt breise ar an láithreán gréasáin nua www.gaeilge.ie le linn na bliana agus seolfar é go luath i 2004.

Pobal & Gnó

Le linn 2003 lean Foras na Gaeilge le clár oibre chun réasúnaíochtaí nua a fhorbairt agus a chur chun cinn a d'ardódh stádas na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann. Mar chuid den chlár seo bhí béim ar líon lucht labhartha na Gaeilge ar an oileán a mhéadú agus deiseanna a chruthú do phobal na hÉireann chun an Ghaeilge a úsáid.

Na hEagrais Ghaeilge

Le linn 2003 chuir Foras na Gaeilge bunmhaoiniú agus maoiniú le haghaidh tograí ar fáil do na príomheagrais Gaeilge Thuaidh agus Theas. Ina measc na n-eagras bhí Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Gael-Linn, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Comhluadar, Oireachtas na Gaeilge, Cumann na bhFiann, An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, Raidió na Lífe, Pobal, Iontaobhas Ultach, Comhaltas Uladh agus Forbairt Feirste. Cuireadh an maoiniú ar fáil ar bhonn cláracha aontaithe ina raibh béim ar úsáid na Gaeilge agus sealbhú na Gaeilge ar léibhéal áitiúil agus ar léibhéal uile-oileánda.

Tograí Áitiúla Teanga

Lean Foras na Gaeilge le scéim chun tograí áitiúla teanga a mhaoiniú, Thuaidh agus Theas. I measc na dtograí seo bhí, An Clár as Gaeilge, Port Láirge le Gaolainn, Ciarraí Beo Teo., Lárionad Cultúrtha Ioslamach Éireann, Cumann Tráchtála Átha Í, Seachtain na Gaeilge, Dáil Uladh, An Gaeláras i nDoire, Pobal Mhuileann an tSiáin agus Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain.

Comórtas na mBailte Slachtmhara

Tá páirtnéireacht ag Foras na Gaeilge leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil roinnt blianta anuas chun úsáid na Gaeilge a leathnú mar chuid den chomórtas na mBailte Slachtmhara. Maoiníonn an Foras duais don bhaile is mó a chuireann an dátheangachas chun cinn agus duais eile don Éadan Siopa is Fearr i nGaeilge nó dhátheangach. Bronnadh an chéad duais ar Céideadha, Co. Ros Comáin agus ba é Sráidbhaile, Co. Phort Láirge a bhuaigh an dara ceann.

Ógshaothar

Ag deireadh na bliana 2001 bheartaigh Foras na Gaeilge i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta coimisiúnú a dhéanamh ar thionscadal taighde i leith riachtanais, struchtúir agus éilimh ógsheirbhísí trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus ar bhonn uile-oileánda.

Ba é príomhaidhm an tionscadail scrúdú a dhéanamh ar na struchtúir d'ógshheirbhísí mar atá siad ag feidhmiú faoi láthair, agus moltaí a dhéanamh maidir le héilimh na óige Gaeltachta agus taobh amuigh de.

The main aim of the project was to study the structures of youth services as they are operating at present, and to make recommendations regarding the needs of young people in the Gaeltacht and outside it.

Over 1,000 young people took part in the survey; individual young people as well as concerned organisations were given the opportunity to express their opinions as part of the project.

The report was published in 2003 and Foras na Gaeilge intends to take into consideration its recommendations. If Irish is to be developed among young people, the opportunities must be made available for them to take part in a full range of social events and entertainments through the Irish language.

An Lámhleabhar Bia agus Dí

John O'Donoghue, TD, Minister for the Arts, Sport and Tourism, launched a new edition of *Lámhleabhar Bia agus Dí* at the end of the year. Foras na Gaeilge made the handbook available, in conjunction with The Restaurants Association of Ireland, as an additional resource for hoteliers, caterers and publicans.

An Lámhleabhar Miondíola

A new edition of *An Lámhleabhar Miondíola* was made available during the year. The handbook is a terminological resource for the retail industry.

Education Section

Assistance for Irish medium pre-schooling.

Foras na Gaeilge assisted Irish medium pre-schooling by establishing and funding a new umbrella body, Forbairt Naíonraí Teo [FNT]. The new organisation and its component organisations undertook a comprehensive preschool programme in 2003. Amongst the activities were: provision of courses for Naíscoil staff and the provision of materials.

Financial assistance was also awarded to Altram, a constituent member of FNT, to provide best practice advice and support for naíonraí as well as the development and provision of courses and materials for practitioners in NI.

Coiste Céim Aniar received assistance with the provision of their information booklet, list of terms in Irish for parents and a newsletter.

Financial assistance was provided to enable Naíolann na Fuisgeoige to access European funding for their project.

Primary Level

Assistance with Irish-medium education

- Financial aid was awarded to Gaelscoileanna to cover their normal administrative expenses as well as their development programme.
- In association with DENI grant aid was awarded to Comhairle na Gaelscolaíochta to assist with the implementation of their strategic development plan.
- Financial assistance was awarded to the Áisaonad in St. Mary's University College, Belfast to provide teaching and learning resources for the IM sector. Carroll Heinemann received financial assistance towards the cost of translating science materials for the IM sector.

Ghlac breis agus 1,000 ógánach páirt sa taighde; tugadh deis do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí ábhartha a gcuid tuairimí a nochtadh mar chuid den tionscadal.

Foilsíodh an tuarascáil i 2003 agus tá rún ag Foras na Gaeilge aird a thabhairt ar na príomh-mholtaí. Má táthar leis an nGaeilge a fhorbairt i measc na ndaoine óga, caithfear na deiseanna a sholáthar dóibh le bheith lánpháirteach i raon leathan imeachtaí sóisialta agus siamsaíochta trí Ghaeilge.

An Lámhleabhar Bia agus Dí

Sheol John O'Donoghue, TD Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta eagrán nua den *Lámhleabhar Bia agus Dí* ag deireadh na bliana. Chuir Foras na Gaeilge an lámhleabhar seo ar fáil, i gcomhar le Cumann Bhialanna na hÉireann, mar áis don óstánaí, don lónadóir agus don tábhairneoir.

An Lámhleabhar Miondiola

Le linn na bliana cuireadh leagan nua den Lámhleabhar Miondiola ar fáil. Tá an lámhleabhar seo ann mar áis téarmaíochta do mhiondioltóirí.

An Rannóg Oideachais

Tacaíocht do luathoideachas trí mheán na Gaeilge

Is trí bhunú an scátheagrais nua Forbairt Naíonraí Teo (FNT) agus trína mhaoiniú a thug Foras na Gaeilge tacaíocht don luathoideachas trí mheán na Gaeilge. Thug FNT agus na heagrais as a bhfuil sé comhdhéanta faoi chlár cuimsitheach oibre don luathoideachas i 2003. I measc na gníomhaíochtaí suntasacha bhí: cúrsaí d'oibrithe Naíonraí agus soláthar áiseanna.

Cuireadh cúnamh airgid ar fáil d'Altram, ball de chuid FNT, le tacaíocht agus treoir a chur ar fáil do naíonraí chomh maith le cúrsaí a fhorbairt agus a sholáthar d'oibrithe naíonraí i dTuaisceart Éireann.

Tugadh cúnamh do Choiste Céim Aniar le bileog eolais, gluais téarmaí do thuistí agus nuachtlitir a sholáthar.

Tugadh cúnamh do Náiolann na Fuisceoige le go bhféadfadh siad maoiniú Eorpach a fháil don tionscadal.

An Bhunscolaíocht

Tacaíocht don Bhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge

- Cuireadh maoiniú ar fáil do Ghaelscoileanna chun an t-eagras a rith agus an plean forbartha a chur i bhfeidhm.
- I gcomhar le Roinn Oideachais TÉ cuireadh maoiniú ar fáil do Chomhairle na Gaelscolaíochta leis an phlean straitéiseach forbartha acu a chur i bhfeidhm.
- Cuireadh maoiniú ar fáil don Áisaonad ag Coláiste Ollscoile Naomh Muire le háiseanna teagaisc agus foghlama d'earnáil na gaelscolaíochta a sholáthar. Cuireadh maoiniú ar fáil do Carroll Heinemann le háiseanna eolaíochta a aistriú go Gaeilge.
- Bíonn an Stiúrtóireacht ag cur comhairle ar agus ag comhoibriú leis na Ranna Oideachais, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus An Chomhairle um Churaclaim, Scrúduithe agus Measúnú.

- The Directorship both advises and cooperates with the Education departments, North and South, and with the Council for the Curriculum Examinations and Assessment and the National Council for Curriculum and Assessment.

Assistance for Irish as a subject in the primary curriculum

Scéim Inste Scéil in Primary Schools

This year saw the start of a project where pupils in 21 primary schools throughout Ireland will have the opportunity to tell their story in their chosen medium. It is being piloted in four schools in Northern Ireland and in the catchment areas of four Education Centres: Waterford, Kilkenny, Mayo and Meath.

Aims:

- That Irish be used in a project which the pupils will enjoy,
- Raising the profile of the language in each school and
- Increasing students' interest in Irish.

Providing information technology Irish language resources for primary teachers

In cooperation with the National Centre for Technology in Education [NCTE], courses to train teachers to build their own resources using *PowerPoint* and *Hot Potatoes* were held in Mayo and Waterford Education Centres. The course was also instrumental in setting up a self-help network of teachers. Similar courses for second level teachers were organised for the early autumn.

Newly composed song project for primary level children

Grant aid was awarded to Wexford County Council for the composition of original songs for primary school pupils. Grant aid was awarded to Boosey & Hawkes to publish the songs and produce CDs.

Bright Child Productions

Grant aid was awarded to Bright Child Productions to assist in the development of a series of workshops in six primary schools centred on their Irish language CD 'An Choill Draíochta'.

Grant aid was awarded to Gemini Teo. to develop an Irish language version of their MusiCan CD, aimed at teaching music skills to children.

Irish National Teachers Organisation [INTO]

Grant aid was awarded to INTO summer courses in Irish in the Kerry, Galway, Mayo and Rath Carn Gaeltachtaí.

Research into computer-aided learning of Irish

Grant aid was awarded to Gael Linn for research into the use of ICT in the teaching of Irish.

Liaison between Primary and Secondary levels

Foras na Gaeilge continued to facilitate a pilot project aimed at easing the transfer of pupils from primary to second level in the IM sector, based around a number of second level schools in Armagh, Cork, Kerry and Dublin.

Tacaíocht don Ghaeilge mar ábhar sa churaclam bunscoile

Scéim Inste Scéil i mBunscoileanna

Tá tús curtha i mbliana le tionscnamh ina mbeidh deis ag daltaí as scoil is fiche fud fad an oileáin a scéil a insint trí mheáin éagsúla fad a bheidh an Ghaeilge lárnach ina n-insint. Tá píolótú á dhéanamh i gceithre scoil i dTuaisceart Éireann agus i seacht scoil déag as abhantrach ceithre Ionad Oideachais: Port Láirge, Cill Chainnigh, Maigh Eo agus an Mhí.

Aidhmeanna:

- An Ghaeilge a chur in úsáid i dtionscnamh a mbainfidh daltaí taitneamh as,
- Íomhá na Gaeilge a ardú sna scoileanna agus
- Suim na ndaltaí sa Ghaeilge a mhéadú.

Acmhainní theicneolaíocht faisnéise a chruthú do bhunmhúinteoirí

I bpáirtnéireacht leis an Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas [NCTE] eagraíodh cúrsaí traenála do bhunmhúinteoirí in Ionad Oideachais Phort Láirge agus Mhaigh Eo. Bhain na cúrsaí le hacmhainní dá gcuid féin a chruthú le *Powerpoint* agus *Hot Potatoes*. Mar thoradh eile ar an scéim bunaíodh gréasán comhoibrithe idir na múinteoirí. Eagraíodh cúrsaí den chineál céanna do mhúinteoirí iarbhunscoile san Fhómhar chomh maith.

Tionscnamh Amhrán Nua-Chumtha trí Ghaeilge do pháistí bunscoile

Cuireadh maoiniú ar fáil do Chomhairle Chondae Loch Garman chun amhráin nua-chumtha do pháistí bunscoile a choimisiú. Cuireadh maoiniú ar fáil freisin do na foilsitheoirí ceoil, Boosey & Hawkes chun na hamhráin agus dlúthdhioscaí a fhoilsiú.

Bright Child Productions

Cuireadh maoiniú ar fáil do Bright Child Productions chun sraith ceardlann a reáchtáil i sé bhunscoil, bunaithe ar úsáid dlúthcheirnín Gaeilge ‘An Choill Draíochta’.

Tugadh maoiniú do Gemini Teo. chun leagan Gaeilge den dlúthdhiosca múinte ceoil MusiCan a sholáthar

Cumann Múinteoirí Éireann [INTO]

Cuireadh maoiniú ar fáil do CMÉ le cúrsaí samhraidh i nGaeltachtaí Chiarraí, na Gaillimhe, Muigh Eo agus i Rath Cairn na Mí.

Taighde ar ríomhfhoghlaim na Gaeilge

Cuireadh maoiniú ar fáil go Gael-Linn le taighde a dhéanamh ar ríomhfhoghlaim na Gaeilge.

Nasc idir bunleibhéal agus iarbhunleibhéal

Leanadh le tionscnamh píolótach do dhaltaí a bheidh ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil in earnáil na gaelscolaíochta. Bhí scoileanna in Ard Mhacha, i gCorcaigh, i gCiarraí agus i mBaile Átha Cliath páirteach sa tionscnamh.

An Iarbhunscolaíocht

Tacaíocht don iarbhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge

Cuireadh maoiniú ar fáil le cumainn iarscoile agus obair baile a bhunú in ionaid éagsúla.

Post-primary

Assistance for Irish-medium post-primary education

Grant aid was awarded to a number of projects to set up afterschool and homework clubs.

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhar na Múinteoirí Gaeilge, the association for Irish teachers continued to receive financial assistance from Foras na Gaeilge

Irish as a subject at post-primary level

Assistance to Central Admissions Office [CAO]

Grant aid was awarded to the CAO to facilitate the provision of an Irish language career guidance service, for students wishing to pursue third level education, to Irish-medium schools and to assist in the provision of bilingual forms and information.

Muintearas na nOileán

Funding was awarded to Muintearas na nOileán to assist in the development of a range of courses on the use of ICT in the classroom. An Irish language version of teaching materials regarding energy conservation and the reduction of CO₂ was made available.

Ros na Rún Website

Financial assistance was awarded to Eo Teilifís to further the development of a *Ros na Rún* website as a resource for post-primary students and teachers. A series of workshops were held for teachers to enable them to make the best possible use of this resource.

Vifax

Grant aid was awarded to the language unit of the National University of Ireland, Maynooth to enable them disseminate the various comprehension, vocabulary and grammar tests of Vifax don Ghaeilge to post-primary schools free of charge.

Computer Education Society of Ireland [CESI]

Grant aid was awarded to CESI to provide an Irish language version of exam papers for the *European Computer Driving Licence* [ECDL].

Cooperation between post-primary language teachers

Foras na Gaeilge continued its input to the *OILTE* pilot project being run through the auspices of *Institiúid Teangeolaíochta Éireann* [ITÉ]. This innovative project brings current best practice in the use of Information and Communication Technology [ICT] as a resource in language teaching to language practitioners.

South Kerry Action Plan

Grant aid was awarded to the South Kerry Gaeltacht Joint-Committee to assist in the educational aspect of their development plan in conjunction with the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, Údarás na Gaeltachta and County Kerry Education Services.

Coláiste UISCE

Coláiste UISCE has initiated a new scheme in conjunction with Foras na Gaeilge whereby a supply of tutors with Irish will come on stream to enable adventure and sports centres to offer courses in Irish. Grant aid was also awarded to aid the development of a water sports dictionary/handbook to facilitate the scheme.

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Cuireadh maoiniú ar fáil do *Comhar na Múinteoirí Gaeilge*, cumann le haghaidh múinteoirí Gaeilge.

An Ghaeilge mar ábhar san Iarbhunscolaíocht

An Lároifig Iontrála

Cuireadh cúnamh ar fáil arís i mbliana don Lárionad Iontrála chun cabhrú leo infrastruchtúr a chur i bhfeidhm do sheirbhís comhairleoireachta trí Ghaeilge do dhaltai atá ag dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal le go mbeidh ar chumas do dhaltai atá ag iarraidh dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal seirbhís a fháil trí mheán na Gaeilge.

Muintearas na nOileán

Cuireadh maoiniú ar fáil do Mhuintearas le cúrsaí in úsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga a sholáthar. Cuireadh leagan Gaeilge de phacáiste teagaisc, Gluaiseacht, ar shábháil fuinnimh/laghdú sceitheadh CO₂ ar fáil.

Suíomh idirlín Ros na Rún

Cuireadh maoiniú ar fáil do Eo Teilifís chun suíomh idirlín Ros na Rún a fhorbairt mar áis do dhaltai agus do mhúinteoirí iarbhuscoile. Cuireadh sraith ceardlanna ar fáil do mhúinteoirí chun an leas is fearr a bhaint as an suíomh.

Vifax

Cuireadh maoiniú ar fáil d'Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad i leith Vifax don Ghaeilge mar chúnamh dóibh cleachtaí tuisceana, foclóra agus gramadaí a sholáthar saor in aisce do scoileanna.

Cumann Ríomhoideachais na hÉireann

Soláthraíodh leagan Gaeilge de na páipéir scrúdaithe ón gCeadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí [ECDL] le cúnamh ó Fhoras na Gaeilge.

Comhoibriú idir mhúinteoirí teanga dara leibhéal

Leanadh den inchur ag an bhForas i dtionscnamh píolótach oiliúna do mhúinteoirí *OILTE* atá á chomhordnú ag Institiúid Teangeolaíochta Éireann [ITÉ] chun oiliúint a chur ar mhúinteoirí in úsáid na teicneolaíochta digití mar áis múinte teanga.

Plean Gníomhaíochta Chiarraí Theas

Cuireadh maoiniú ar fáil do Chomhchoiste Gaeltachta Chiarraí Theas chun an ghné oideachasúil den phlean gníomhaíochta a chur i gcrích i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaihe agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus Seirbhísí Oideachais Chiarraí.

Coláiste UISCE

Tá tús curtha le scéim nua, i gcomhar leis an Fhoras, chun soláthar oiliúnóirí maithe le Gaeilge ionas go mbeidh ar chumas ionaid eachtraíochta agus spóirt cúrsaí trí Ghaeilge a thairiscint. Cuireadh cúnamh airgid ar fáil freisin i leith foclóir/lámhleabhar téarmaíochta spóirt uisce, rud a threiseoidh an iarracht seo.

Suíomh Idirlín Corbis

Cuireadh cúnamh ar fáil do Chorbis chun a shuíomh idirlín a fhorbairt. Cuireann Corbis tacaíocht ar fáil trí mheán na Gaeilge ón suíomh do dhaltai atá ag ullmhú do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta.

Corbis Website

Corbis, which provides Irish-medium assistance for post-primary students preparing for the Leaving Certificate Irish exam was awarded grant aid towards the development of their website.

Gaeil Uladh

Funding was provided to Gaeil Uladh to produce two videos and other teaching aids.

Third Level

Spoken Irish Unit UCC

Foras na Gaeilge provided grant aid to enable the Ionad na Gaeilge Labhartha [Spoken Irish Unit] in University College, Cork purchase an *iCart* upgraded mobile computer room. This augments the unit's facility to provide computer-aided courses in a variety of settings.

Fiontar

Grant aid was awarded to Fiontar, Dublin City University, to enable them to advertise their courses, offer scholarships and to conduct a strategic analysis of the translation sector in Irish.

GMIT (Galway-Mayo Insitute of Technology)

Grant aid was awarded to GMIT to enable it provide an Irish-medium BA course in Business and Communication.

International Conference on Trilingualism and Third Language Acquisition

The third International Conference on Trilingualism and Third Language Acquisition was held 3-5 September 2003 in the Institute of Technology, Tralee, with grant aid from Foras na Gaeilge.

King's Inns Scholarships

Funding was awarded to a scholarship scheme in the King's Inns, Dublin.

Briathar

Grant aid was awarded to the Mater Dei Institute to provide an Irish language version, Briathar, of the 'Logos' religious knowledge website. <http://briathar.materdei.ie>

Adult/Lifelong Education

Oideas Gael

Grant aid was awarded to enable adults obtain a scholarship to attend Oideas Gael Summer courses.

Funding was also awarded to groups throughout the island to provide adult Irish language classes, for example: Gaeilge i gCill Mhantáin, Federation of Irish Societies, Glór na Maoille agus Pobal a' Chaistil.

Ogmios

Foras na Gaeilge awarded grant aid to *Ogmios* for their teach yourself Irish course 'Tús maith'.

Special Education

Adapting the Curriculum to students with special needs

Mary Immaculate College, Limerick, were awarded grant aid to enable them carry out research in conjunction with St. Patrick's College Drumcondra and the Central Remedial Clinic, Clontarf whereby the primary Irish language

Gaeil Uladh

Cuireadh maoiniú ar fáil do Gaeil Uladh le dhá fhíseán agus áiseanna teagaisc eile a sholáthar.

An Tríú leibhéal

Ionad na Gaeilge Labhartha UCC

Cuireadh maoiniú ar fáil do Ionad na Gaeilge Labhartha in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh le cuidiú leo seomra ranga soghluaiste a cheannach. Cuirfidh seo lena gcumas cur leis an líon ranganna ríomhchuidithe is féidir a reáchtáil i seomra ar bith – bíodh sé in ionad na Gaeilge labhartha, faoin aer nó in aon ionad eile.

Fiontar

Tugadh cúnamh do Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun cuidiú leo fógraíocht a dhéanamh ar na cúrsaí, scoláireachtaí a bhronnadh agus ainilís stráitéiseach a dhéanamh ar earnáil an aistriúcháin sa Ghaeilge.

GMIT (Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo)

Cúnamh tugtha do GMIT chun cuidiú leo le cúrsa BA sa Gnó agus Cumarsáid trí Ghaeilge a reáchtáil

Comhdháil Idirnáisiúnta ar an Trítheangachas agus ar Shealbhú an Tríú Teanga

Eagraíodh an tríú Comhdháil Idirnáisiúnta ar an Trítheangachas agus ar Shealbhú an Tríú Teanga in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí 3-5 Meán Fómhair le cúnamh airgid ó Fhoras na Gaeilge.

Scoláireacht Ostaí an Rí

Cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh scéim Scoláireachtaí in Ostaí an Rí, Baile Átha Cliath.

Briathar

Cuireadh maoiniú ar fáil do Institiúid Mater Dei le leagan Gaeilge, Briathar, den suíomh idirlín diagachta ‘Logos’ a sholáthar. <http://briathar.materdei.ie>

Aosoideachas/Oideachas Fadsaoil

Oideas Gael Uladh

Cuireadh maoiniú ar fáil chun scéim scoláireachta a reáchtáil a thugann deis do dhaoine fásta freastal ar chúrsaí Samhraidh Oideas Gael.

Cuireadh maoiniú ar fáil do roinnt grúpaí le ranganna do dhaoine fásta a reáchtáil mar shampla: Gaeilge i gCill Mhantáin, Federation of Irish Societies, Glór na Maoille agus Pobal a’ Chaistil.

Ogmios

Cuireadh maoiniú ar fáil do Ogmios i leith cúrsa féinteagaisc Gaeilge ‘Tús maith’ a chur ar fáil.

An tOideachas Speisialta

Curaclam a chur in oiriúint do dhaltai le riachtanais speisialta

Cuireadh maoiniú ar fáil do Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, le cuidiú leo tabhairt faoi thaighde i gcomhar le Coláiste Phadraig Droim Conrach agus Central Remedial Clinic, Cluain Tarbh curaclam Gaeilge na bunscoile a chur in oiriúint do dhaltai le riachtanais speisialta. Ag an am céanna cruthaíodh acmhainní do mhúinteoirí chun cabhrú leo na focail is

syllabus was adapted for students with special needs. Resources were created at the same time for teachers to enable them to teach the most frequent words in Irish literature to young pupils and a scheme was initiated to promote Irish language reading in Irish-medium and Gaeltacht schools.

Among the other projects aided by Foras na Gaeilge were analyses of disadvantaged education in Corca Dhuibhne and the Western Health Board's Language Therapy through Irish Project

The Arts, Culture and Heritage Sector

The Arts Sector

Irish – Language Drama

During 2003, financial assistance, support and advice was awarded to many theatrical companies, including *Aisling Ghéar*, *Graffiti*, *POC Productions* (Diarmuid de Faoite), *Upturn Theatre in Education*, *Aisteoirí Bulfin*, *Branar Drámaíochta Teo.*, *Ababú* and *Fibín*.

Theatre Space @ The Mint was further developed as a centre for Irish-language drama and amongst the companies that produced plays there were:

Modh an Aoibhnis “Codladh Céad Bliain”
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
Aisling Ghéar “Aistriúcháin”, “Críoch Chluiche” “An Triail”
An Taibhdhearc “Ní maith Liom do Thrioblóid”, “Cúigéar Chonamara”
POC Productions “Pádraig Ó Conaire”

Modh an Aoibhnis continued to develop acting classes for children on a weekly basis, as well as providing drama workshops for Dublin Irish-medium schools.

Training Workshops

Foras na Gaeilge provided a grant to Cló Iar-Chonnachta in 2002 with a view to conducting workshops for playwrights, one in Connemara and one in Belfast. Eight playwrights attended the course and, under the direction of Micheál Ó Conghaile, they focussed on finishing their own newly written plays. This work was continued in 2003, culminating in the production of *Paris Texas* and *Herman* by Diarmuid de Faoite in Galway during the Galway Arts Festival and in Dublin, during the Dublin Theatre Festival.

Under the auspices of *Graffiti*, workshops for Irish-language teachers were held in the Firkin Crane in Cork, with a view to developing the necessary skills in the context of teaching Irish-language drama to primary school children.

A series of workshops was organised for professional Irish-language writers in Galway, Tralee and Dublin, funded by Foras na Gaeilge and directed by Comhar na Múinteoirí Gaeilge and Coiscéim.

Residence

Two artists in residence were sponsored by Foras na Gaeilge during 2003. Iarla Ó Lionáird was appointed as resident sean-nós singer in the World Music Centre in the University of Limerick and Pádraigín Ní Uallacháin was appointed as artist-in-residence in the Dundalk Institute of Technology. Áine Ní Ghlinn was sponsored on a pilot basis to conduct workshops in creative writing in Irish in six Irish-medium schools in the Dublin area for the duration of the academic year 2003-2004.

coitianta i litríocht na Gaeilge a mhúineadh do dhaltai óga agus cuireadh tús le scéim chun léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn sna meánranganna i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

I measc na dtionscadal eile ar thacaigh Foras na Gaeilge leo bhí anailís ar oideachas faoi mhí bhuntáiste i gCorca Dhuibhne agus taighde faoi theiripe teanga trí Ghaeilge a rinne Bord Slainte an Iarthair.

Réimse na nEalaíon, an Chultúir agus na hOidhreacht

Earnáil na nEalaíon

Drámaíocht na Gaeilge

I gcaitheamh 2003, cuireadh cúnamh airgeadais, tacaíocht agus comhairle ar fáil do go leor complachtaí amharclannaíochta, lena n-áirítear *Aisling Ghéar*, *Graffiti*, *POC Productions* (Diarmuid de Faoite), *Upturn Theatre in Education*, *Aisteoirí Bulfin*, *Branar Drámaíochta Teo.*, *Ababú* agus *Fibín*.

Deineadh tuilleadh forbartha ar *Theatre Space @ The Mint* mar lárionad do dhrámaíocht sa Ghaeilge agus ar na complachtaí a léirigh drámaí ann bhí:

Modh an Aoibhnis “Codladh Céad Bliain”
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
Aisling Ghéar “Aistriúcháin”, “Críoch Chluiche” “An Triail”
An Taibhdhearc “Ní maith Liom do Thrioblóid”, “Cúigear Chonamara”
POC Productions “Pádraig Ó Conaire”

Lean *Modh an Aoibhnis* ag forbairt ranganna aisteoireachta do pháistí ar bhonn seachtainiúil, chomh maith le ceardlanna drámaíochta a chur ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath.

Ceardlanna Oiliúna

Chuir Foras na Gaeilge deontas ar fáil do Chló Iar-Chonnachata in 2002 ar mhaithe le ceardlanna a stiúrú do dhrámadóirí, ceann acu i gConamara agus ceann i mBéal Feirste. D’fhreastail ochtar drámadóirí ar an gcúrsa, agus faoi stiúir Mhichíl Uí Chonghaile, dhírigh siad ar chríoch a chur lena ndrámái nuascríofa féin. Leanadh leis an obair seo in 2003, agus tháinig siad chun buaice i léiriú *Paris, Texas* agus *Herman* le Diarmuid de Faoite i nGaillimh le linn an Galway Arts Festival/Féile Ealaíon na Gaillimhe agus i mBaile Átha Cliath le linn an Dublin Theatre Festival/Féile Amharclainne Átha Cliath.

Faoi choimirce *Graffiti*, tionóladh ceardlanna do mhúinteoirí Gaeilge sa Firkin Crane i gCorcaigh, ar mhaithe leis na scileanna a theastaíonn a fhorbairt i gcomhthéacs drámaíocht sa Ghaeilge a mhúineadh do pháistí bunscoile.

Eagraíodh sraith ceardlanna do scríbhneoirí gairmiúla Gaeilge i nGaillimh, i dTrá Lí agus i mBaile Átha Cliath, le maoiniú ó Fhoras na Gaeilge agus arna stiúradh ag Comhar na Múinteoirí Gaeilge agus Coiscéim.

Cónaitheachtaí

Chuir Foras na Gaeilge urraíocht ar fáil do bheirt ealaíontóirí cónaithe i gcaitheamh 2003. Ceapadh Iarla Ó Lionáird mar amhránaí sean-nós cónaithe sa Lárionad Ceoil Dhomhanda in Ollscoil Luimní agus ceapadh Pádraigín Ní Uallacháin mar ealaíontóir cónaithe ag Institiúid Theicneolaíochta Dhún Dealgan.



*Representatives from the competing counties at the launch of the
Foras na Gaeilge All Ireland Senior Camogie Championships
Ionadaithe ó na contaethe san iomaíocht ag seoladh
Chraobh Chamógaíochta na hÉireann, urraithe ag Foras na Gaeilge*

The Translation Sector

As part of its strategy to promote and encourage the use of Irish in the public and private sectors, throughout the island, Foras na Gaeilge provides grant-aid to the private translation sector under the following schemes:

Companies Scheme

Grants are made available to translation companies to assist with the purchase of software and reference materials or staff training.

Projects Scheme

Proposals are considered from companies and individuals for research into the development of new software aiming to facilitate or improve English-Irish/Irish-English translation.

Approximately 30 inquiries were received and grants were provided to 10 applicants – 7 under the Companies Scheme and 3 under the Projects Scheme.

acmhainn.ie

Publication of *acmhainn.ie* began in February 2002. The site editors are Antain Mac Lochlainn and Donncha Ó Cróinín. The following paragraphs contain an account of all that has been achieved to date by *acmhainn.ie* and its goals for 2004, the final year of the current funding period.

(i) Dictionaries and Terminology Lists

The principal aim of *acmhainn.ie* was to make dictionaries and terminology lists available in a searchable electronic form. With the assistance of An Coiste Téarmaíochta, comprehensive lists of standard authoritative terminology were provided. These are by far the most popular items on the website. Every day hundreds of people search for terms on *acmhainn.ie*.

New: To facilitate searching, a ‘search engine’ has been added to the site. This enables users to search the entire site at once, rather than successive terminology lists.

Fuair Áine Ní Ghlinn urraíocht ar bhonn píolótach le ceardlanna a stiúradh sa scríbhneoireacht chruthaitheach Ghaeilge i sé scoil lán-Ghaeilge i gceantar Bhaile Átha Cliath do thréimhse na bliana acadúla 2003-2004.



Seosamh Mac Donncha, Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, le Pádraigín Ní Uallacháin, a scríobh A Hidden Ulster, agus Cathal Goan, Príomhstiúrthóir RTÉ
Seosamh Mac Donncha, CEO of Foras na Gaeilge with Padraigín Ní Uallacháin, author of A Hidden Ulster, and Cathal Goan, Director General of RTÉ

Earnáil an Aistriúcháin

Mar chuid dá straitéis úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha ar fud an oileáin, cuireann Foras na Gaeilge deontas-i-gcabhair ar fáil don chuid sin den earnáil phríobháideach a bhíonn ag plé le haistriúcháin faoi na scéimeanna seo a leanas:

Scéim na gCuideachtaí

Cuirtear deontais ar fáil do chuideachtaí aistritheoireachta mar chabhair le bogearraí agus ábhair thagartha a cheannach nó le hoiliúint a chur ar bhaill foirne.

Scéim na dTionscadal

Meastar tograí ó chuideachtaí agus ó indibhidigh le haghaidh taighde ar mhaithe le bogearraí nua a fhorbairt a éascóidh nó a fheabhsóidh an aistriúcháin Bhéarla-Gaeilge/Gaeilge-Béarla.

Fuarthas tuairim is 30 fiosrú agus cuireadh deontais ar fáil do 10 iarrthóir – 7 faoi Scéim na gCuideachtaí agus 3 faoi Scéim na dTionscadal.

acmhainn.ie

Tá *acmhainn.ie* á fhoilsiú ó bhí Mí Feabhra 2002 ann. Is iad Antain Mac Lochlainn agus Donncha Ó Cróinín eagarthóirí an láithreáin. Tá cuntas sna paragraif thíos ar a bhfuil curtha i gcrích ag *acmhainn.ie* go dtí seo agus ar na spriocanna don bhliain 2004, an bhliain dheireanach den tréimhse mhaoinithe reatha.

(i) Foclóirí agus Liostaí Téarmaíochta

Ba é príomhaidhm *acmhainn.ie* ná foclóirí agus liostaí téarmaíochta a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach inchuardaigh. Tríd an gCoiste Téarmaíochta cuireadh liostaí cuimsitheacha de théarmaíocht chaighdeánach údarásach ar fáil. Is é seo go mór fada an ghné den láithreán is mó a úsáidtear. Bíonn na céadta daoine ag cuardach téarmaí ar *acmhainn.ie* gach uile lá.

Goals: New sources will continue to be published in cooperation with An Coiste Téarmaíochta, as will links to terminology lists and dictionaries published on other sites.

(ii) The E-mail Forum

Issues of grammar, place names, new terminology and sayings/idioms for translation are discussed by users of *acmhainn.ie* on the E-mail Forum.

New: The number of people using the forum is increasing. There are 73 users registered at present.

Goals: To increase the number of users. Seán Ó Dáimhín, Irish Officer with Donegal County Council, has suggested publishing a ‘weekly record’ of Forum discussions, to make it easier for users to stay abreast of developments.

(iii) Reprints

There are plans to republish electronically a series of important texts concerning the writing and use of Irish.

New: With the help of An Gúm, *Lorg an Bhéarla* by Seán Mac Maoláin was republished. The event attracted considerable publicity and the book was much in demand by users of *acmhainn.ie*. Another book by the same author (*Gàidhlig agus Gaeilge*) has been referred to Dr Michelle Nic Leòid, Ionad Chaluum Chille Ìle, for editing of Gàidhlig spelling.

Goals: To republish *Gàidhlig agus Gaeilge* as soon as it is returned by Dr Nic Leòid. Permission has been obtained from The Educational Company of Ireland to republish Volume II of *Studies in Modern Irish*. This book by An tAthair Gearóid Ó Nualláin discusses issues of translation from English to Irish. Republication is expected early in 2004.

(iv) Oideas

A series of articles by Antain Mac Lochlainn on common translation problems encountered when translating from English to Irish. This material is available for private study or for translator training.

(v) Texts Available

The editors of *acmhainn.ie* have revised their proposal for this section. Initially, it was intended to create a link to all official Irish-language material available electronically (government forms, local government forms, policy documents etc.) to assist with the promotion of bilingualism, north and south. Such an intention proved too ambitious however and the time required could not be justified. However, additional texts will continue to be made available on ‘An tAistitheoir Tapa’. The aim here is to provide standard texts (job application forms, invitations etc.) which can be adapted for use by any organisation.

(vi) Links and News

Information concerning Irish language activities will continue to be posted on ‘Nuacht’ and links will be provided to additional sites of potential interest to *acmhainn.ie* users.

(vii) Number of users

To our knowledge, *acmhainn.ie* was the most frequently used Irish language site in 2003. It received more than 30,000 hits during September. It is significant that the number of users remained reasonably constant even during the summer months.

Nua: Chun an cuardach sin a éascú, tá ‘inneall cuardaigh’ curtha leis an láithreán. Cuireann seo ar chumas na n-úsáideoirí an láithreán uile a chuardach seachas gach ceann de na liostaí téarmaíochta a chuardach ceann i ndiaidh a chéile.

Spriocanna: Leanfar d’fhoinsí nua a fhoilsiú i gcomhar leis an gCoiste Téarmaíochta agus de naisc a chruthú le liostaí téarmaíochta agus le foclóirí a fhoilsítear ar láithreáin eile.

(ii) An Fóram Ríomhphoist

Is ar an bhFóram Ríomhphoist a phléann úsáideoirí *acmhainn.ie* ceisteanna gramadaí, logainmneacha, nuathearmaí agus nathanna atá le haistriú.

Nua: Tá ag méadú ar líon na n-úsáideoirí a ghlacann páirt in imeachtaí an fhórait. 73 duine atá cláraithe leis anois.

Spriocanna: Cur le líon na n-úsáideoirí. Tá molta ag Seán Ó Dáimhín, Oifigeach Gaeilge le Comhairle Chontae Dhún na nGall, go bhfoilseofaí ‘taifead seachtainiúil’ den phlé san Fhóram, chun gur fusa súil a choimeád ar a bhfuil ag tarlú.

(iii) Athchló

Is é atá beartaithe ná sraith de théacsanna tábhachtacha a bhaineann le scríobh agus le húsáid na Gaeilge a athfhoilsiú go leictreonach.

Nua: Le caoinchead an Ghúim, athfhoilsíodh *Lorg an Bhéarla* le Seán Mac Maoláin. Fuarthas roinnt mhaith poiblíochta ar a shon agus bhí an-éileamh air i measc úsáideoirí *acmhainn.ie*. Tugadh leabhar eile leis an údar céanna (*Gàidhlig agus Gaeilge*) don Dr Michelle Nic Leòid, Ionad Chaluim Chille Íle, le go gcuirfidh sí slacht ar litriú na Gàidhlig ann.

Spriocanna: *Gàidhlig agus Gaeilge* a athfhoilsiú a luaithe is a fhaightear air ais ón Dr Nic Leòid é. Fuarthas cead ó Chomhlacht Oideachais na hÉireann an leabhar *Studies in Modern Irish* Imleabhar a dó a athfhoilsiú. Leabhar leis an Athair Gearóid Ó Nualláin é seo ina bpléitear an t-aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge. Tá súil é a athfhoilsiú go luath in 2004.

(iv) Oideas

Sraith alt le hAntain Mac Lochlainn ar fhadhbanna coitianta san aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge. Tá cead úsáid a bhaint as an ábhar seo ar mhaithe le staidéar príobháideach nó le haghaidh oiliúint aistritheoirí.

(v) Taisce Téacsanna

Tá eagarthóirí *acmhainn.ie* tar éis teacht ar thuiscint nua faoin rannóg seo. Is é a bhí beartaithe ar dtús ná nasc a chruthú le gach ábhar oifigiúil Gaeilge dá raibh ar fáil go leictreonach (foirmeacha rialtais, foirmeacha rialtais áitiúil, cáipéisí polasaí agus araile) chun cabhrú le saothrú an dátheangachais, thuaidh agus theas. Bhí an cuspóir sin ró-uaimhianach, áfach, agus níorbh fhéidir an t-am a bheadh riachtanach chuige a chur ar fáil. Bíodh sin mar atá, beifear ag cur leis na téacsanna in ‘An tAistritheoir Tapa.’ Is é atá i gceist anseo ná téacsanna caighdeánacha (foirmeacha iarratais ar phoist, cuirí srl.) ar féidir le dream ar bith iad a úsáid ach iad a chur in oiriúint don eagraíocht lena mbaineann.

(vi) Naisc agus Nuacht

Leanfar de bheith ag soláthar eolais faoi imeachtaí Gaeilge in ‘Nuacht’ agus ag cur le líon na nasc le láithreáin a bhféadfadh suim a bheith ag úsáideoirí *acmhainn.ie* iontu.

State and Planning

Irish Language Development Officer Scheme

In conjunction with local authorities and health boards, a scheme is administered by Foras na Gaeilge whereby an Irish Language Development Officer is appointed to co-ordinate the authorities' Irish language policies and to promote Irish among the public in the area. This scheme grew and developed in 2003. At the beginning of the year 11 Irish language development officers were in employment with a further four appointed by the end of the year. Other local authorities expressed interest in the scheme and information was forwarded to all interested parties.

The present position of the scheme is:

Kerry County Council
Donegal County Council
Cork County Council
Waterford County Council
Roscommon County Council
Clare County Council
Galway County Council
Dublin City Council
Galway City Council

Southern Health Board
Midlands Health Board
South Eastern Health Board
Mid-Western Health Board
Western Health Board
North Eastern Health Board

Seminar – Language Rights and the Local Council

Foras na Gaeilge and Pobal Béal Feirste organised a seminar “Language Rights and the Local Council” in February to provide help and support on legal requirements and legislation for local authorities in Northern Ireland.

General Councils of County Councils

Foras na Gaeilge provided sponsorship for the Annual Conference of the General Council of County Councils which was held in Cork.

Comhdháil an Chraoibhín in Roscommon

Roscommon County Council organises an annual conference in conjunction with local communities to celebrate the life and achievements of Dr. Douglas Hyde. Foras na Gaeilge provided support and information for this event in 2003. The theme of this year's conference was: “An Exploration of Landscape and Migration in the Poetry and Music of the West of Ireland”.

The Official Languages Act 2003

The Official Language Act 2003 was signed into law 14 July 2003. The Act is the first piece of legislation to provide a statutory framework for the delivery of public services through the Irish Language. The primary objectives of the Act are to ensure better availability and a higher standard of public services through Irish.

(vii) Líon úsáideoirí

Go bhfios dúinn, is é acmhainn.ie an láithreán Gaeilge is mó a raibh daoine ag tarraingt air i 2003. Baineadh amach breis agus 30,000 amas le linn mhí Mheán Fómhair. Is díol suime nár tháinig laghdú rómhór ar líon na n-úsáideoirí fiú le linn mhíonna an tsamhraidh.

An Rannóg Stáit agus Pleanála

Scéim na nOifigeach Forbartha Gaeilge

Tá scéim ag Foras na Gaeilge i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus na boird sláinte chun duine lán-aimseartha a cheapadh chun polasaithe Gaeilge an údaráis agus na mbord sláinte a chomhordú agus chun dul i bhfeidhm ar an bpobal. Tháinig fás agus forbairt ar scéim na nOifigeach Forbartha Gaeilge le linn 2003. Bhí 11 ag feidhmiú ag tús na bliana agus rinneadh earcú ar 4 roimh deireadh na bliana. Léirigh roinnt mhaith údarás áitiúil eile spéis sa scéim chomh maith agus tugadh eolas dóibh.

Seo an staid mar atá faoi láthair

Comhairle Contae Chiarraí
Comhairle Contae Dhún na nGall
Comhairle Contae Chorcaí
Comhairle Contae Phort Láirge
Comhairle Contae Ros Comáin
Comhairle Contae an Chláir
Comhairle Contae na Gaillimhe
Comhairle Cathair Bhaile Átha Cliath
Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Bord Sláinte an Deiscirt
Bord Sláinte Lár Tíre
Bord Sláinte an Oir-Dheiscirt
Bord Sláinte an Mheán-Iarthair
Bord Sláinte an Iarthair
Bord Sláinte an Oir-Thuaiscirt

Seimineáir – Cearta Teanga agus an Chomhairle Áitiúil

Reachtáil Foras na Gaeilge agus Pobal Béal Feirste seimineár “Ceartha Teanga agus an Chomhairle Áitiúil” i mí Feabhra chun tacaíocht a chur ar fáil do chomhairlí áitiúla i dTuaisceart Éireann ar cheisteanna dlí agus reachtaíochta.

Ard Chomhairle na gContaetha

Chabhraigh Foras na Gaeilge le hArd-Chomhairle na gContaetha trí thacaíocht airgid a chur ar fáil dá gComhdháil Bhliantúil i gCorcaigh.

Comhdháil an Chraoibhín i Ros Comáin

Reachtáileann Comhairle Contae Roscomáin Comhdháil an Chraoibhín i gcomhar le coistí áitiúla sa gceantar gach bliain. Thug Foras na Gaeilge tacaíocht dóibh i 2003 trí eolas agus ábhar taispeántais a chur ar fáil don deireadh seachtaine. Ba é téama na comhdhála ná “Léargas ar Thírdhreach agus Imirce i bhFilíocht agus i gCeol Iarthar na hÉireann.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina dhlí ar 14 Iúil 2003. Is é an tAcht seo an chéad phiosa reachtaíochta ina leagtar síos próiseas pleanála reachtúil chun a chinntiú go gcuirfear seirbhísí ar fáil i nGaeilge. Is é príomhfeidhm an Achta ná soláthar níos mó de sheirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil ón seirbhís phoiblí ar chaighdeán níos airde.

Tionól an tSamhraidh

This is the first year that Waterford Institute of Technology (WIT) and Waterford County Council have come together to organise an Irish cultural event. The aim of the event was to publicly celebrate the Irish culture, heritage and language of County Waterford. The theme of this year's event was: "Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin: Spirituality and Humanity".

Gradam an Gharda Siochana

An annual Foras na Gaeilge medal is presented to the garda contributing most enthusiastically to the promotion of Irish in the Garda College, Templemore, Co. Tipperary. This year's winner was Buach Istéil from Wexford who is currently stationed in Kilkenny.

Irish Language Development Officers

Foras na Gaeilge organised an all-day meeting for Irish Language Development Officers with local authorities and health boards. The aim of the meeting was to provide information on the Official Language Act 2003. Irish and the Arts and the Strategic Planning Process were also discussed.

The Terminology Committee

The Terminology Committee's remit is to provide authoritative, standardized terminology to the educational sector and the public in general. The members, who serve voluntarily on the Committee and its Subcommittees, are experts in the fields of Irish and specialized subjects and sanction terms and settle on terminological principles and particular grammatical points. The office staff edit and disperse the terminology as well as advising the public on terminological matters.

The Permanent Committee

The Permanent Committee, which meets on a biennial basis, held a meeting in November 2002 and thus did not convene during 2003.

The Steering Committee

The Steering Committee held 14 all-day meetings during 2003, of which 10 were regular monthly meetings and 4 were extra meetings convened to discuss the work on grammatical points.

The work of the Sub-Committees was planned and supervised, terminological principles were discussed and agreed, research and discussion took place regarding grammatical points, and over seventeen hundred terms or terminological questions were resolved and sanctioned.

Micellaneous Terms

Over 3,500 enquiries regarding terminology were received. Lists of terms sanctioned at the monthly meetings were published in the monthly magazine, *Comhar*, and were edited and annotated for that purpose.

The Subcommittees

Since two of the Subcommittees, which had been active over the previous number of years, had come to the end of their projects, it was decided to establish new Subcommittees in accordance with the most pressing priorities. By the end of the year, three new Subcommittees had been established and were meeting on a monthly basis:

Tionól an tSamhraidh

Ba é seo an chéad uair do Chomhairle Contae Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge teacht le chéile chun tionól mar seo a reáchtáil. Sé an aidhm a bhí leis an ócáid ná cultúr, oidhreacht agus Gaeilge Cho. Phort Láirge a cheiliúradh go poiblí. Sé an teideal a roghnaíodh ná “Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin – A Chráifeacht agus a Dhaonnacht”.

Gradam an Gharda Síochána

Duais bhliantúil atá anseo a bhronnann Foras na Gaeilge ar an scoláire is fearr a ghlacann páirt i gcúrsaí Gaeilge i gColáiste na nGardaí sa Teampall Mór i gCo. Thiobraid Árann. Bronnadh an duais i mbliana ar Bhuach Istéil as Loch Garman atá faoi láthair lonnaithe i Stáisiún an Gharda Síochána i gCill Chainnigh.

Cruinniú na nOifigeach Forbartha Gaeilge

Reáchtáil Foras na Gaeilge cruinniú lae d’Oifigigh Forbartha Gaeilge sna húdaráis áitiúla agus boird sláinte i mí na Samhna chun eolas a thabhairt dóibh go príomha maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla. Chomh maith leis sin pléadh an Ghaeilge agus na hEalaíona agus an Próiseas Pleanála Straitéisí.

An Coiste Tearmaíochta

Féachann An Coiste Téarmaíochta le téarmaíocht chaighdeánach údarásach a sholáthar don earnáil oideachais agus don phobal i gcoitinne. Is saineolaithe ó réimsí na Gaeilge agus na sainábhar eolais iad na baill a fhónann go deonach ar an gCoiste agus a chuid Fochoistí chun an téarmaíocht a fhaomhadh agus prionsabail téarmeolaíochta agus ceisteanna áirithe gramadaí a shocrú. Déanann foireann na hoifige an téarmaíocht a chur in eagar agus a scaipeadh agus cuireann siad seirbhís comhairle ar fáil don phobal maidir le ceisteanna téarmaíochta.

An Buancoiste

Is ar bhonn débhlíantúil a thagann an Buancoiste le chéile agus, ó tharla gur reáchtáladh cruinniú i mí na Samhna, 2002, níor tháinig siad le chéile le linn 2003.

An Coiste Stiúrtha

Bhí 14 cruinniú lae den Choiste Stiúrtha ann le linn 2003, 10 gnáthchruinniú mhíosúla agus 4 cinn bhreise le ceisteanna áirithe faoi phointí gramadaí a phlé.

Rinneadh pleanáil agus maoirsiú ar obair na bhFochoistí, prionsabail téarmaíochta a phlé agus a shocrú, taighde agus plé ar cheisteanna gramadaí, agus rinneadh os cionn míle is seacht gcéad (1700) téarma nó ceist téarmaíochta a shocrú.

Téarmaíocht Ilghnéitheach

Fuarthas os cionn 3,500 fiosrú faoi théarmaí. Foilsíodh liostaí de na téarmaí a faomhadh ag na cruinnithe míosúla san iris mhíosúil, *Comhar*, agus cuireadh eagar orthu agus noda leo chuige sin.

Obair na bhFochoistí

Ar an mbonn go raibh a gcuid oibre críochnaithe ag dhá cheann de na Fochoistí a bhí ag feidhmiú le cúpla bliain anuas, beartaíodh roinnt Fochoistí nua a bhunú de réir na dtosaíochtaí ba phráinní. Faoi dheireadh na bliana bhí trí Fhochoiste nua bunaithe agus ag feidhmiú ar bhonn míosúil:

The Education Subcommittee,
The Home Economics Subcommittee (which made a list of terms available at www.homeeconomics.ie) and
The Business Subcommittee.

Other Subcommittees were:
The Computing Subcommittee
The Literary Criticism Subcommittee
The Proper Names and Foreign Place names Subcommittee.

New Dictionaries

- *A Dictionary of Geology and Geophysics*, prepared by the Geology Subcommittee was issued for the first time on CD.
- The Irish-English side of the new *Dictionary of Literary Criticism*, prepared by the Literary Criticism Subcommittee, was issued on the acmhainn.ie Web site.
- The *Dictionary of Archaeology* was completed.
- Editorial work continued on the *Dictionary of Sailing Terms*.
- The *Dictionary of Computing and Information Technology* is to be published in 2004.

New Editions

New editions of the following dictionaries were issued on CD:

Ainmneacha Plandaí is Ainmhithe / Flora and Fauna Nomenclature
Foclóir Fiseolaíochta is Sláinte / Dictionary of Physiology and Health
Foclóir Ríomhaireachta is Teicneolaíocht Faisnéise / Dictionary of Computing and Information Technology

Electronic Projects

Terminology CD

A preliminary version of the CD comprising 9 dictionaries, primarily scientific, was produced in November.

Online Terminology

Additional material was issued on the www.acmhainn.ie website during 2003:

Foclóir Litríochta is Critice / Dictionary of Literary Criticism
Tearmaí Adhmadóireachta / Woodwork Terms
Foclóir Parlaiminte / Dictionary of Parliamentary Terms (eag. Dr Éamonn Ó hÓgáin agus Clive Leo McNeir)
Liosta Tíortha is Ciníocha / List of Countries and Nationalities
Moltaí an Choiste maidir leis an Séimhiú / Recommendations regarding Lenition

A copy of the CD was also sent to acmhainn.ie and these 9 further dictionaries will be available on the website in the New Year.

The expanded version of the Home Economics dictionary was issued on the Home Economics Support Service website: www.homeeconomics.ie.

An Fochoiste Oideachais,
An Fochoiste Eacnamaíocht Bhaile (a chuir liosta ar fáil ag an seoladh seo:
www.homeeconomics.ie) agus
An Fochoiste Gnó.

B'iad na Fochoistí eile:
An Fochoiste Ríomhaireachta
An Fochoiste Critice is Litríochta
An Fochoiste Ainmneacha Dílse agus Logainmneacha Iasachta.

Foclóirí Nua

- Eisíodh an *Foclóir Geolaíochta is Geoifisice*, a d'ullmhaigh an Fochoiste Geolaíochta, den chéad uair ar dhlúthdhiosca.
- Cuireadh an taobh Gaeilge-Béarla den fhoclóir nua, *Foclóir Litríochta is Critice* a d'ullmhaigh an Fochoiste Critice, ar fáil ar láithreán acmhainn.ie.
- Tugadh an obair ar an *bhFoclóir Seandálaíochta chun críche*.
- Rinneadh obair eagarthóireachta ar an *bhFoclóir Seoltóireachta*.
- Foilseofar an *Foclóir Ríomhaireachta agus Teicneolaíocht na Faisnéise* i 2004.

Atheagráin

Cuireadh atheagráin de na foclóirí seo thíos ar fáil ar an dlúthdhiosca:

Ainmneacha Plandaí is Ainmhithe
Foclóir Fiseolaíochta is Sláinte
Foclóir Ríomhaireachta is Teicneolaíocht Faisnéise

Tionscadail Leictreonacha

Dlúthdhiosca Téarmaíochta

Táirgeadh réamhleagan den dlúthdhiosca ar a bhfuil naoi bhfoclóir i mí na Samhna.

Téarmaíocht ar líne

Cuireadh breis ábhair ar fáil ar láithreán gréasáin www.acmhainn.ie an láithreán d'aistritheoirí, i rith na bliana:

Foclóir Litríochta is Critice
Téarmaí Adhmadóireachta
Foclóir Parlaiminte (eag. Dr Éamonn Ó hÓgáin agus Clive Leo McNeir)
Liosta Tíortha is Ciníocha
Moltaí an Choiste maidir leis an Séimhiú

Cuireadh cóip den dlúthdhiosca chuig muintir acmhainn.ie chomh maith agus beidh an 9 bhfoclóir breise sin ar fáil ar an láithreán san athbhliain.

Cuireadh an leagan méadaithe den fhoclóir *Eacnamaíocht Bhaile* ar fáil ar an láithreán www.homeeconomics.ie.

Bunachar Sonraí Náisiúnta Téarmaíochta

Chuir FIONTAR, le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge, iarratas faoi bhráid na scéime INTERREG de chuid an AE chun bunachar sonraí éifeachtach a bhunú do théarmaíocht uile an Choiste.



Minister Éamon Ó Cuív TD and Seosamh Mac Donncha at the launch of Phase One of the online English-Irish Dictionary Project

An tAire Éamon Ó Cuív TD agus Seosamh Mac Donncha ag seoladh an tionscadail Foclóir Béarla-Gaeilge ar líne

A National Terminological Database

An application was submitted to the EU INTERREG scheme by FIONTAR, with support from Foras na Gaeilge, to set up an efficient online database which would host all the terminology sanctioned by An Coiste Téarmaíochta. Work will commence on this ground breaking project in the New Year.

Electronic Project for translators

During the year, Foras na Gaeilge awarded funding to Séamus Ó Coileáin, NUI Galway, to prepare ten of An Coiste Téarmaíochta's lists or dictionaries for input into translation software products such as Trados, Star, Déjà Vu, etc.

Talks on Terminology

The Secretary spoke on terminological work and approaches in a number of venues during the year.

ISO/TC37

The Secretary attended the annual meetings of TC37, the ISO (International Organization for Standardisation) technical committee for terminological standards, as the representative for the NSAI (National Standards Association of Ireland).

Terminological Conference

The Secretary attended a conference on the current international state of terminology in Lisbon in December.

An Gúm

The following are the areas of work undertaken during 2003 and for which related publications were produced.

- Pre-school and Primary school publications/resources
- Post-primary school publications
- General (knowledge) Books for young people
- Irish language tools
- Lexicography

Tionscadal Leictreonach eile i dtreo Bunachar Sonraí

Thug an Foras maoiniú i rith na bliana do Shéamus Ó Coileáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chun deich gcinn dár gcuid liostaí nó foclóirí a chóiriú le hionchur i mbogearraí aistriúcháin ar nós Trados, Star, Déjà Vu etc..

Cainteanna faoin Téarmeolaíocht

Thug an Rúnaí cainteanna ar obair agus chur chuige na téarmeolaíochta in ionaid éagsúla i rith na bliana.

ISO/TC37

D’fhreastail an Rúnaí ar chruinnithe bliantúla TC37, coiste teicniúil faoi chaighdeán téarmeolaíochta, de chuid ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeáin), mar ionadaí an Údarais um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI).

Comhdháil Téarmeolaíochta

D’fhreastail an Rúnaí ar chomhdháil faoi staid idirnáisiúnta na téarmeolaíochta i Liospóin i mí na Nollag.

An Gúm

Is iad seo a leanas na réimsí oibre a bhí idir lámha ag an nGúm in 2003 agus ar foilsíodh ábhair a bhain leo:

- Acmhainní/Foilseacháin Réamhscoile agus Bhunscoile
- Foilseacháin Iar-bhunscoile
- Leabhair Ghinearálta/Eolais do dhaoine óga
- Sainábhar Gaeilge
- An Fhoclóireacht

Foilseacháin Bhunscoile

Leanadh den obair ar cuireadh tús léi dhá bhliain ó shin maidir le foilsiú ábhar a bheadh oiriúnach le húsáid mar théacsanna bunscoile agus a bheadh ag teacht leis na teoracha agus na modhanna foghlama atá i dtreis sa Churaclam Athbheithnithe.

Foilsíodh roinnt leabhar eile a bhí dírithe ar riachtanais na bunléitheoireachta. Teidil nua sa réimse sin ba ea:

Teidí sa Ghairdín le Paula Howard agus Pádraic Ó Murchú,

Niamh Amuigh ag Siúl le Nicola Moffat arbh é an dara leabhar i sraith bunléitheoireachta. Foilsíodh leagan mórthoisí den chéad leabhar sa tsraith chéanna *Bhí Ocras ar Oisín*.

Foilsíodh leabhar foclóra dar teideal *Bionn Carló ag Léamh* atá dírithe ar pháistí óga agus a mhúineann dóibh na hainmneacha atá ar na gnáthrudai a fheiceann siad thart orthu ina dtimpeallacht phearsanta féin.

Maidir le páistí a bhíonn ag foghlaim na léitheoireachta agus a bhfuil ar a gcumas bunléitheoireacht a chleachtadh réitíodh trí theideal eile le Treasa Ní Ailpín sa tsraith “Léigh Leat”:

An Tornapa Mór Millteach

Na Trí Ghabhar Chliste agus

An Lacha Bheag Ghránna.

Primary Publications

The work started two years ago with regard to the publication of material suitable for use in primary schools in accordance with the direction and learning methods of the revised curriculum was continued in 2003.

A number of books aimed specifically at the requirements of those learning to read were published. New titles in this range included:

Teidí sa Ghairdín by Paula Howard and Pádraic Ó Murchú and *Niamh Amuigh ag Siúl* by Nicola Moffat which is the second in a series of basic readers. A Big Book edition of the first book in the series *Bhí Ocras ar Oisín* was also published.

Bionn Carló ag Léamh a simple dictionary type book which enables young children to learn the names of many commonplace things was published.

Three new titles by Treasa Ní Ailpín in the series “Léigh Leat” were prepared for children learning to read who have achieved a basic level of proficiency:

The Gigantic Turnip
The Three Billy Goats Gruff and
The Ugly Duckling.

A further title in the same series aimed at children with a greater reading ability was also published – a version of the *Pied Piper of Hamelin*.

A number of picture books for the age-group (5 +) were also published. Both teachers/parents and children could read these books together. These titles included: *Marcus Míol Mór* by Heather Henning, *Chuamar go léir ar Safáirí* (a counting and knowledge book about Tanzania) and a collection of stories about Bran, *Bran agus a Chairde ag spraoi*.

The need for digital material in Irish for young people has long been recognised. In 2003 CD-Romuald an interactive CD-Rom aimed at children from the ages of three to eight and containing trans-curricular material was produced. It was accompanied by a package of 26 related worksheets.

We continued during 2003 to produce material for newly independent readers. Titles published in this area were:

Glantachán Earraigh by Áine Ní Ghlinn,
Bean na bPlátaí by Maoiliosa Ní Chléirigh,
Eachtra i gCaireo by Isobel Ní Riain and a new edition of Máiréad Ní Ghráda’s retelling of the Sleeping Beauty story *Codladh Céad Bliain*.

Mathematics

Two further units of the Mathematics series *Mata le Chéile* by Florence Gavin were published. These units were aimed at First and Second class. The units for the other classes are currently under preparation.

Geography

The fifth book in the Environmental and Geography series *Féach Thart* by Máire Ní Ghallchobhair aimed at Third Class pupils was published during the year. It is recommended that it be used in conjunction with the primary Atlas published two years ago.

Séideán Sí

This is a joint initiative between Foras na Gaeilge and the Department of Education and Science regarding the publication of resources for the teaching of Irish in Gaeltacht and Irish medium schools. The first package of resources was published for Junior Infants during 2003. This comprehensive, integrated and multi-media package consisted of:

Chomh maith leis sin foilsíodh teideal eile sa tsraith chéanna a bhí dírithe ar léitheoirí níos cumasaí, b'in leagan den scéal *An Píobaire Breac*.

Foilsíodh roinnt pictiúrleabhar don aoisghrúpa seo freisin (5 bliana +) a bhféadfadh idir thuismitheoirí/mhúinteoirí agus pháistí a léamh le chéile. Na teidil a bhí i gceist ná *Marcus Miol Mór* le Heather Henning, *Chuamar go léir ar Safáirí* (leabhar comhairimh agus eolais faoin Tansáin) agus cnuasach de scéalta faoi Bhran, *Bran agus a Chairde ag spraoi*.

Is fada atá ábhar digiteach á lorg d'aos óg na Gaeilge. In 2003 foilsíodh CD-Romuald, CD-Rom idirghníomhach atá dírithe ar pháistí idir trí bliana agus ocht mbliana d'aois. Ábhar traschuraclaim atá ar an diosca seo. Chomh maith leis an mbundiosca féin foilsíodh pacáiste de 26 bileog oibre lándaite a ghabhann leis.

Leanamar le linn 2003 le hábhar a sholáthar do pháistí atá tosaithe ar ábhar a léamh ar a gconlán féin. Is iad na teidil a foilsíodh sa réimse seo ná: *Glantachán Earraigh* le hÁine Ní Ghlinn, *Bean na bPlátaí* le Maoilíosa Ní Chléirigh, *Eachtra i gCaireo* le hIsobel Ní Riain agus eagrán nua de leagan Mhairéad Ní Ghráda den siscéal *Codladh Céad Bliain*.

An Mhatamaitic

Foilsíodh an dara cuid de shraith nua dar teideal *Mata le Chéile: 1 & 2* le Florence Gavin i rith na bliana. Ar Rang a hAon agus a Dó a bhí an t-aonad seo dírithe. Tá na haonaid le haghaidh na ranganna eile á réiteach go fóill.

An Tíreolaíocht

Foilsíodh an cúigiú leabhar sa tsraith Imshaoil agus Tíreolaíochta *Féach Thart* le Máire Ní Ghallchobhair i rith na bliana. Dírithe ar Rang a Trí atá sé agus tosaíonn ag plé leis an tíreolaíochta i ndáiríre. Moltar é a úsáid in éineacht leis an Atlas Bunscoile a foilsíodh dhá bhliain ó shin.

Séideán Sí

Comhthionscadal é seo idir Foras na Gaeilge agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le foilsiú áiseanna teagaisc Ghaeilge do na scoileanna Gaeltachta agus do na Gaelscoileanna. Foilsíodh an chéad phacáiste den chúrsa in 2003. Ar na Naíonáin Bheaga a bhí sé dírithe. Pacáiste comhtháite an-chuimsitheach atá ann. Is iad na gnéithe éagsúla atá ann ná:

- 1 Chúrsa Comhtháite Gaeilge (Leabhar an Oide A)
- 1 Mo Leabharsa (Leabhar an Dalta A)
- 5 Leabhar Mhóra
- 21 Leabhar Beag
- 15 Phóstaer
- 99 Pictiúrchárta
- 4 Dhlúthdhiosca
- 2 Phuipéad Láimhe
- 40 Preabchárta
- *1 Leabhar Cúnta an Oide (Ag Obair Liom)
- *1 Ag Obair Liom (Leabhar an Dalta A)
- *18 bPóstaer
- *26 Cárta Aibítire

* Ábhar Luathlitearthachta

Tá an-ghlacadh leis an tionscadal seo i measc na scoileanna. Tá scoileanna a mhúinteoir trí mheán an Bhéarla ag cur spéise ann chomh maith.

Déagóirí

Foilsíodh dhá úrscéal do dhéagóirí in 2003.

- 1 Chúrsa Comhtháite Gaeilge (Teacher's Handbook)
- 1 Mo Leabharsa (Pupil's workbook)
- 5 Leabhar Mhóra (Big Books)
- 21 Leabhar Beag (Small books)
- 15 Phóstaer (Posters)
- 99 Pictiúrchárta (Picture cards)
- 4 Dhlúthdhiosca (Audio compact disks)
- 2 Phuipéad Láimhe (Hand puppets)
- 40 Preabchárta (Flash cards)
- *1 Leabhar Cúnta an Oide (Teacher's Handbook)
- *1 Ag Obair Liom (Pupil's workbook)
- *18 bPóstaer (Posters)
- *26 Cárta Aibítire (Alphabet cards)

* Early literacy material

This package has been very well received in schools. English medium schools have also been expressing interest in the programme.

Teenagers

2003 saw the publication by An Gúm of two works of fiction for teenagers.

Amach by Alan Titley and

Idir Dhá Chomhairle by Frainc Ó Murchadha.

Post-Primary Publications

Subject areas worked on during the year were:

Science (JC); Mathematics (JC); Business (LC); Biology (AT); Home Economics (LC); History (TY)

The following publications were produced during the year:

Téacs agus Trialacha 2: Mathematics textbook for the new higher level Junior Certificate syllabus.

An Gnó: Saol Dinimiciúil Part 2: A new edition of the Business textbook for Leaving Certificate based on *Business – A Dynamic World* published by C.J. Fallon.

An tEolaí: One edition (Science Newsletter).

Booklets of examination papers were published in the following subject areas:

Examination Papers 1994-2003 (Ordinary and Higher Level)

Junior Certificate: Mathematics; History; Geography; Business Studies; Metalwork; Materials Technology: Wood; Science; Home Economics; Technical Graphics; Civic, Social and Political Education.

Leaving Certificate: Mathematics; History; Geography; Physics; Chemistry; Biology; Business; Accountancy.

General Publications

A reprint of the Munster classic collection of proverbs and wisdom, *Seanfhocail na Mumhan* by an Seabhac was re-issued under a newly designed cover.

Amach le Alan Titley agus
Idir Dhá Chomhairle le Frainc Ó Murchadha.

Foilseacháin Iar-bhunscoile

Is iad na réimsí ábhar a rabhthas ag obair orthu i rith na bliana ná:

An Eolaíocht (TS); An Mhatamaitic (TS); An Gnó (AT); An Bhitheolaíocht (AT); An Eacnamaíocht Bhaile (AT); An Stair (IdirBh.)

Is iad seo a leanas na foilseacháin a cuireadh ar fáil i rith na bliana:

Téacs agus Trialacha 2: Téacsleabhar matamaitice. Eagrán nua den dara ceann de dhá leabhar a scríobhadh agus a dearadh go speisialta i gcomhair shiollabais nua ardleibhéil an Teastais Shóisearaigh.

An Gnó: Saol Dinimiciúil Cuid a Dó: Eagrán nua de théacsleabhar gnó don Ardeistiméireacht bunaithe ar *Business – A Dynamic World* a d'fhoilsigh C.J. Fallon.

An tEolaí: 1 eagrán (Nuachtlitir Eolaíochta).

Chomh maith leis sin, foilsíodh leabhráin d'iarpháipéir scrúdaithe sna hábhair seo a leanas:

Páipéir Scrúdaithe: 1994-2003 (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)

An Teastas Sóisearach: Matamaitic; Stair; Tíreolaíocht; Staidéar Gnó; Míotalóireacht; Teicneolaíocht Ábhar: Adhmad; Eolaíocht; Eacnamaíocht Bhaile; Grafaic Theicniúil, Oideachas Saoránachta, Sóisialta agus Polaitiúil.

An Ardeistiméireacht: Matamaitic; Stair; Tíreolaíocht; Fisic; Ceimic; Bitheolaíocht; Gnó; Cuntasaíocht.

Foilseacháin Ghinearálta

Cuireadh athchló faoi chlúdach nua i rith na bliana ar cheann de shaothair cháiliúla na Gaeilge, *Seanfhocail na Mumhan* leis an Seabhac.

Chomh maith leis sin tugadh an foilseachán *Foilseacháin an Ghúim 1926-2003* suas chun dáta. Taifead atá ann ar na leabhair go léir a d'fhoilsigh an Gúm ó bunaíodh.

Rinneadh tuilleadh oibre ar *Gaschaint*, an pacáiste foghlama ilmheán do thuismitheoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt lena bpáistí.

Poiblíocht

Dáileadh catalóga de chuid foilseachán an Ghúim ar na scoileanna agus ar na leabharlanna poiblí agus tugadh amach iad ag comhdhálacha múinteoirí, ag an Taispeántas Oideachais agus ag ócáidí tráthúla eile.

Sheol an tAire Stáit ag Roinn an Taoisigh agus Príomh-Aoire an Rialtais, Máire Ní Ainiféin, TD foilseacháin uile an Ghúim ag ócáid i mí na Samhna 2003.

The publication *Foilseacháin an Ghúim 1926-2003* was also brought up to date. It contains a record of all the books published by An Gúm since its establishment.

Work was greatly progressed on the multi-media learning package for parents wishing to speak Irish with their children, *Gaschaint*.

Publicity

Catalogues of An Gúm publications were distributed widely to schools and libraries around the country and were given out at teachers' conferences, the Education Show and other relevant events.

In November the Minister of State at the Department of An Taoiseach and Government Chief Whip, Mary Hanafin, TD launched all of An Gúm's publications for the year.

Reprints

Along with the new publications the following titles were reprinted during the year:

An Foclóir Scoile
An Foclóir Póca
Seanchas na Féinne
An Béal Beo
Bitheolaíocht Shinsearach
Cuir Focal Air
Mo Chéad Naíonra
Dathaigh: An Baile Beag
Timpeall Ort 1
An Leabhar Mór Dearg etc + five small books
100 focal tosaigh
Gafa le Mata 1&2
An Triail
Nua-Thireolaíocht
Fócas ar an Stair
An Leaba Sciathánach
Páistí sa Chistin
Na Tri Bhéar

Lexicography

English-Irish Dictionary Project

At their December meeting in 2002 the board of Foras na Gaeilge approved the proposal that a contract would be agreed with Lexicography Master Class (LexMC) in relation to completing Phase One of the English-Irish Dictionary Project. Phase One is the planning and technical design phase of the project. A contract was signed with LMC in July and work began on Phase One at the beginning of August.

The Minister for Rural, Community and Gaeltacht Affairs, Éamon Ó Cuíy, TD, officially launched the project at a reception in Foras na Gaeilge headquarters on the 15 October. On the same occasion the dedicated dictionary website, www.focloir.ie was launched.

Training Courses in Lexicography

Due to the great success of the bilingual lexicography workshop held in October 2002 it was decided to organise a similar workshop in 2003. The



*Bronnann Ray Mac Mánaís cóip dá leabhar Máire Mhic Giolla Íosa ar Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, agus a fear céile Martin.
President Mary McAleese and her husband Martin are presented with a copy of the book Máire Mhic Giolla Íosa by the author Ray Mac Mánaís*

Athchló

Chomh maith leis na foilseacháin nua uile thuas cuireadh athchló ar na leabhair seo a leanas:

*An Foclóir Scoile
An Foclóir Póca
Seanchas na Féinne
An Béal Beo
Bitheolaíocht Shinsearach
Cuir Focal Air
Mo Chéad Naíonra
Dathaigh: An Baile Beag
Timpeall Ort 1
An Leabhar Mór Dearg etc + cúig leabhar bheaga
100 focal tosaigh
Gafa le Mata 1&2
An Triail
Nua-Thíreolaíocht
Fócas ar an Stair
An Leaba Sciathánach
Páistí sa Chistin
Na Trí Bhéar*

An Fhoclóireacht

Tionscadal an Fhoclóra Béarla-Gaeilge

I mí na Nollag 2002 ghlac Bord Fhoras na Gaeilge leis an moladh go bhféachfaí le conradh a shíniú le Lexicography MasterClass maidir le Céim a hAon de Thionscadal an Fhoclóra Béarla-Gaeilge a chur i gcrích, céim na pleanála agus dearaidh teicniúil an Fhoclóra. Síníodh an conradh le LMC i mí Iúil agus thosaigh an obair ar Chéim a hAon ag tús mhí Lúnasa.

Sheol an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, TD, an tionscadal ar ócáid i gceannáras ar Fhorais ar 15 Deireadh Fómhair. Ar an ócáid chéanna seoladh láithreán speisialta gréasáin atá dírithe go hiomlán ar thionscadal an Fhoclóra, www.foclóir.ie.

workshop took place in NUI Galway in October and was even more successful. LexMC conducted the course along with other members of the dictionary team. Over forty people took part in the course. During the course the President of NUI Galway, Dr Iognáid Ó Muircheartaigh, presided over a further publicity launch of the English-Irish Dictionary Project.

ÁIS

Bord na Gaeilge established *An Áisíneacht Dáiliúchán Leabhar* (ÁIS) in 1980 to distribute Irish-language publications nationally and internationally. Bord na Gaeilge's responsibilities in regard to Áis were transferred to Foras na Gaeilge from 1999 onwards.

Áis supplies books to over 280 bookshops throughout the island, 30 in Britain, 8 in continental Europe, 12 in the United States and 10 in Australia and New Zealand. Up to 238,173 books were distributed during 2003. The following is a list of the ten new best-sellers sold through Áis in 2003.

	Title	Number sold by Áis in 2003
1	Nua-Threolaíocht (Teastas Sóisearach. Cúrsa Iomlán)	2,443
2	Mo Leabhar (Dalta A) – Séidéan Sí	1,256
3	Máire Mhic Ghiolla Íosa	541
4	Cailíní Beaga Ghleann na mBláth	450
5	500 Beannacht	374
6	Séan Mac Maoláin & Ceart na Gaeilge	344
7	Sorcha sa Ghailearaí	309
8	Scread Mhaidne	301
9	Niamh Amuigh ag Siúl	298
10	An Bealach Rúnda + CD	289

Cúrsa Oiliúna san Fhoclóireacht

Tar éis gur éirigh chomh maith sin leis an gceardlann foclóireachta dátheangai a réachtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2002, beartaíodh ar cheann eile a rith. Ritheadh cúrsa eile ag deireadh Dheireadh Fómhair in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus d'éirigh go seoigh leis. B'iad LexMC agus cuid d'fhoireann thionscadal an fhoclóra a bhí ina bhun agus. Daichead duine a ghlac páirt sa chúrsa. Rinne Uachtarán na hOllscoile, an Dr Iognáid Ó Muircheartaigh, Tionscadal an Fhoclóra a sheoladh ag ócáid poiblíochta eile le linn an chúrsa.

ÁIS

Bhunaigh Bord na Gaeilge an *Áisíneacht Dáiliúchán Leabhar* (ÁIS) i 1980 chun foilseacháin Ghaeilge a dháileadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá cúraimí Bhord na Gaeilge maidir leis an Áis aistrithe go dtí Foras na Gaeilge ó 1999 ar aghaidh.

Soláthraíonn ÁIS leabhair do bhreis agus 280 siopa leabhar ar fud an oileáin, 30 sa Bhreatain, 8 ar mhór-roinn na hEorpa, 12 sna Stáit Aontaithe agus 10 san Astráil agus sa Nua-Shéalainn. Dáileadh suas le 238,173 i rith 2003. Seo a leanas liosta den deich leabhar nua is mó a díoladh trí ÁIS i 2003.

	Teideal	Líon díolta ag ÁIS i 2003
1	Nua-Thíreolaíocht (Teastas Sóisearach. Cúrsa Iomlán)	2,443
2	Mo Leabhar (Dalta A) – Séidéan Sí	1,256
3	Máire Mhic Ghiolla Íosa	541
4	Cailíní Beaga Ghleann na mBláth	450
5	500 Beannacht	374
6	Séan Mac Maoláin & Ceart na Gaeilge	344
7	Sorcha sa Ghailearaí	309
8	Scread Mhaidne	301
9	Niamh Amuigh ag Siúl	298
10	An Bealach Rúnda + CD	289

Strategic Priorities

Foras na Gaeilge fully recognises the significant challenges which it will face in creating a more favourable environment in which people, who wish to do so, can acquire and use the Irish language. The critical success factors in this regard will involve making the language socially attractive and acceptable and ensuring that motivations and opportunities for learning it and speaking it are highlighted.

Five key strategic priorities, in particular, have been identified. Of these there are three core challenges (Status, Acquisition and Usage) which are of equal significance and which must now be addressed as elements of an integrated approach. Successfully addressing these key challenges will require the development of both an effective communications strategy and appropriate policy, planning and research.

Status

Increasing the instrumental, social/cultural, educational and political status, together with the formal position of the language is vital for its advancement. Since status, as a motivator of language shift, can override powerful influences like tradition, social convention and ability, increasing the status and formal position of the Irish language must be a priority target in the future.

Acquisition

The key challenge to be faced in the area of acquisition will be to ensure that opportunities for acquisition are strengthened and increased across a broad spectrum of acquisition mechanisms from home and pre-school, to all three levels of the formal education systems and beyond through vocational and adult education courses.

Usage

Increasing popular usage is the key to the promotion and advancement of the language. It is essential that those who have acquired an ability in the language have both the desire and the opportunity to speak it. Key trends which will require to be reversed in this regard will include arresting the language shift towards English in Gaeltacht communities and the lack of an adequate and effective support framework for Irish speakers outside of the Gaeltacht areas. Foras na Gaeilge will work to remove the social and psychological barriers which prevent wider, and more frequent, use of Irish.

Communications

The mass media play a very significant role in shaping the public perception of and use of a language. The challenge to be faced is ensuring that Irish is portrayed in the media as something positive having real benefit and application in everyday life.

Policy, Planning and Research

Developing coherent policies, plans and programmes which are underpinned by quality research is a major challenge. This research will variously be undertaken directly by Foras na Gaeilge, in co-operation with other organisations or through other organisations and it will recognise and contribute to existing, and ongoing, research projects. The key issue for Foras na Gaeilge will be the challenge which it will face in developing a strong and proactive strategic leadership role, under the auspices of the parent

Tosaíochtaí Straitéise

Aithníonn Foras na Gaeilge na dúshlán mhóra atá roimhe chun timpeallacht a chothú ina bhféadfaidh na daoine a bhfuil an fonn orthu an Ghaeilge a shealbhú agus a úsáid. Chun go n-éireoidh leis an bhForas é sin a chur i gcrích ní mór dó, i measc rudaí eile, an Ghaeilge a dhéanamh tarraingteach agus inghlactha ar bhonn sóisialta, agus a chinntiú go gcuirfear béim ar an ngá atá le spreagadh agus le deiseanna chun an teanga a fhoghlaim agus a labhairt.

Tá sainaitheint déanta ar chúig thosaíocht straitéise, ach go háirithe. Orthusan tá trí bhundhúshlán atá ar aon chéim - Stádas, Sealbhú agus Úsáid - agus ní mór tabhairt fúthu de chur chuige aontaithe. Ionas go mbeidh an rath ar an gcur chuige sin is gá straitéis éifeachtach cumarsáide a fhorbairt mar aon le polasaí, pleanáil agus an taighde cuí.

Stádas

Chun an teanga a chur chun cinn tá sé fíorthábhachtach a stádas ar bhonn ionstraimeach, sóisialta / cultúrtha, oideachasúil agus polaitiúil a ardú, mar aon lena hionad foirmeálta. Os rud é gur féidir leis an stádas a bheith níos láidre le hathrú teanga a spreagadh ná na tréanfachtóir eile a théann i bhfeidhm ar an bpobal, fachtóir mar thraidisiún, choinbhinsiún shóisialta agus cumas, ní mór ardú stádais agus ionaid fhoirmeálta na Gaeilge a bheith ina phríomhchuspóir sna blianta atá ag teacht.

Sealbhú

Is é an dúshlán is mó atá ann maidir le sealbhú teanga ná a chinntiú go ndéanfar na deiseanna sealbhaithe atá ann a neartú agus a mhéadú ar bhonn leathan, sa bhaile, sa réamhscoil, ar thrí leibhéal an chórais oideachais fhoirmeálta, agus i gcúrsaí gairmoideachais agus oideachais aosaigh.

Úsáid

Tá cur chun cinn na teanga ag brath go príomha ar a húsáid a mhéadú i measc an phobail. Is den riachtanas é an fonn chun an teanga a labhairt a bheith ar dhaoine a bhfuil cumas sa Ghaeilge bainte amach acu, agus an deis a bheith acu í a labhairt. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an iompú teanga atá ag tarlú sa Ghaeltacht agus tacaíocht atá idir leordhóthanach agus éifeachtach a chur ar fáil do Ghaelgeoirí lasmuigh den Ghaeltacht. Oibreoidh Foras na Gaeilge chun deireadh a chur leis na constaicí sóisialta agus siceolaíochta a chuireann cosc le húsáid mhinic fhorleathan na Gaeilge.

Cumarsáid

Tá ról fíorthábhachtach ag na meáin chumarsáide i múnú dhearcadh an phobail i leith na teanga. Is é an dúshlán nach mór aghaidh a thabhairt air ná a chinntiú go gcuirfidh na meáin chumarsáide an teanga os comhair an phobail ar bhealach dearfach, mar acmhainn a bhfuil buntáistí agus feidhm leis sa saol laethúil.

Polasaí, Pleanáil agus Taighde

Dúshlán mór é polasaithe comhtháite, pleananna agus cláir, a chur le chéile, bunaithe ar thaighde ardchaighdeán. Rachaidh an Foras i mbun an taighde seo, i gcomhair le heagrais eile, nó trí eagrais eile, agus tabharfaidh sé aitheantas agus maoiniú do thionscnaimh thaighde atá ann cheana féin. Is é an dúshlán is mó a bheidh roimh Fhoras na Gaeilge ná ról láidir, gníomhach straitéiseach ceannaireachta a fhorbairt, faoi choimirce an dá roinn rialtais,

departments in both jurisdictions, in developing, driving and monitoring the impact of its agenda for promoting and advancing the Irish language.

thuidh agus theas, a bhfuil sé faoina réir, chun a chlár cothaithe don
Ghaeilge a chur chun cinn agus chun éifeacht an chlár sin a mheas go rialta.



**An Account o Tha Darg
Tha Boord o Ulstèr-Scotch 2003**

**Report from
The Ulster-Scots Agency 2003**

**Tuairisc ón nGníomhaireacht
Ultach-Albanach 2003**

Contents

Mission Statement	28
Chairman's Introduction	29
Strategic Themes	30
Review of the Year	31
Language	32
Culture	32
Education	32
Understanding	33
Grants offered:	35
a) Language	
b) Culture	
c) Education	
d) Understanding	

Mission Statement

“The aim of the Ulster-Scots Agency is to promote the study, conservation, development and use of Ulster-Scots as a living language; to encourage and develop the full range of its attendant culture; and to promote an understanding of the history of the Ulster-Scots”.

Clár an Ábhair

Ráiteas Bunchuspóra	28
Réamhrá an Chathaoirligh	29
Téamaí Straitéiseacha	30
Athbhreithniú ar an Bhliain	31
Teanga	31
Cultúr	32
Oideachas	32
Feasacht	33
Deontais ar fáil:	35
a) Teanga	
b) Cultúr	
c) Oideachas	
d) Feasacht	

Ráiteas Bunchuspóra

“Is í aidhm na Gníomhaireachta Ultach-Albanaigh ná léann, caomhnú, forbairt agus úsáid na hUltaise a chur chun cinn mar theanga bheo; an réimse iomlán cultúir a ghabhann léi a spreagadh agus a fhorbairt; agus tuiscint ar stair Albanaigh Uladh a chur chun cinn”.

Chairman's Introduction

The Agency has continued to make tremendous progress during 2003 despite experiencing some difficulties in terms of resources.

A new Board was established in January and whilst welcoming our new colleagues I would also wish to pay tribute to the enthusiasm, dedication and ability of former colleagues who had given such valuable service to the first Board.

We now have a permanent Chief Executive and two other permanent staff have been appointed.

We are delighted with the progress that has been made on the educational front. Our partnership with Stranmillis University College has been extremely fruitful and the curriculum development project for primary schools is being extended to the secondary level curriculum. I congratulate the College on their professionalism in the development of this project and on the quality of their output.

We are also been delighted with the valuable information on the history, heritage and culture of the Ulster Scots provided by the Institute of Ulster Scots Studies at the Magee Campus of the University of Ulster.

With Agency support there has been a dramatic growth in cultural activity evidenced by the fact the Agency funded 143 groups in 2003 compared with 84 the previous year and 49 in 2001.

It is clear from the evidence of 2003 that a relatively small investment in supporting communities to embrace their Ulster Scots culture is extremely beneficial to the entire community. The Agency is proud of the part it played in ensuring that this was a feature of the summer.

We welcomed the announcement in the Joint Declaration of the British and Irish Governments in April that steps would be taken to encourage support to be made available for an Ulster Scots Academy. This will be of tremendous benefit to the development of the language.

I look forward to the continuing growth in all aspects of Ulster Scots affairs and the hope that our vision of a new cultural future for Ulster Scots can be more fully realised.

Lord Laird of Artigarvan

Chairman

Tha Boord o Ulstèr-Scotch/Ulster-Scots Agency

Réamhrá an Chathaoirligh

Tá an-dul chun cinn déanta ag an Ghníomhaireacht i gcaitheamh 2003 ainneoin deacrachtaí áirithe le cúrsaí acmhainní.

Ceapadh Bord úr i mí Eanáir, agus cé go bhfáiltí roimh ár gcuid comhghleacaithe úra ba mhaith liom fosta buíochas a ghabháil lenár gcuid iar-chomhghleacaithe as a ndíograis, as a ndílseacht agus as a gcumas, agus as an tseirbhís fhónta a thug siad don chéad Bhord.

Tá Príomhfheidhmeannach buan againn anois, agus táthar i ndiaidh beirt bhall foirne bhuana a cheapadh fosta.

Ábhar áthais dúinn an dul chun cinn atá déanta i gcúrsaí oideachais. Toradh fónta a bhí ar an pháirtíocht idir sinne agus Coláiste na hOllscoile Stranmillis, agus táthar le tionscadal an churaclaim do na bunscoileanna a leathnú isteach i gcuraclam an oideachais dara leibhéil. Déanaim comhghairdeas leis an Choláiste as an ghairmiúlacht atá léirithe acu i bhforbairt an tionscadail sin agus ar ardchaighdeán a gcuid táirgeachta.

Bhí ríméad orainn fosta leis an fhaisnéis luachmhar ar stair, oidhreacht agus cultúr na nUltach-Albanach atá curtha ar fáil ag Institiúid an Léinn Ultach-Albanaigh ar champas Mhig Aoidh d'Ollscoil Uladh.

Bhí fás an-suntasach ar an ghníomhaíocht chultúrtha ag éirí as tacaíocht na Gníomhaireachta, mar is léir ón chistiú atá déanta ag an Ghníomhaireacht ar 143 grúpa sa bhliain 2003 i gcomparáid le 84 an bhliain roimhe sin agus 49 sa bhliain 2001.

Is léir ó fhianaise 2003 gur infheistíocht sách beag atá ag tacú le pobail dul i ngleic lena gcultúr Ultach-Albanach agus go ndéanann sí an-mhaitheas don phobal uile. Tá an Ghníomhaireacht bródúil as a bhfuil déanta acu chun a chinntiú go raibh sí sin ina cuid den samhradh.

D'fháiltíomar roimh an ráiteas i gComhráiteas Rialtais na hÉireann agus na Breataine i mí Aibreáin go bhféachfaí le tacaíocht a spreagadh d'Acadamh Ultach-Albanach. Beidh an-bhuntaiste ansin d'fhorbairt na teanga.

Tá mé ag dúil go leanfaidh gach gné de na cúrsaí Ultach-Albanach orthu ag fás, agus tá súil agam go ndéanfar tabhairt i gcrích níos iomláine ar ár bhfís do thodhchaí chultúrtha úr na hUltais-Albanaí.

An Tiarna Laird Ard Tí Garbháin

Cathaoirleach

Tha Boord o Ulstèr-Scotch/An Ghníomhaireacht Ultach-Albanach

Strategic Themes

The Agency has developed four strategic themes for its programme of work, namely:-

1. Linguistic Development

“To support Ulster-Scots as a living language and to promote its use and development.”

2. Culture

“To be a key contributor to the development of Ulster-Scots culture.”

3. Education

“To establish partnerships with the education and community sectors to promote the study of the Ulster-Scots language, culture and history.”

4. Understanding

“To develop the public’s understanding of the Ulster-Scots language and culture.”

Téamaí Straitéiseacha

Tá ceithre théama straitéiseacha forbartha ag an Ghníomhaireacht dá chlár oibre, mar atá:-

1. Teanga

“Tacú leis an Ultais mar theanga bheo agus úsáid agus forbairt na teanga a chur chun cinn.”

2. Cultúr

“Gníomhú mar rannpháirtí rithábachtach i dtaca le forbairt an chultúir Ultach-Albanaigh.”

3. Feasacht

“Feasacht an phobail ar an Ultais agus ar an gcultúr Ultach-Albanach a fhorbairt.”

4. Oideachas

“Comhpháirtíochtaí a bhunú i gcomhair leis an earnáil oideachais agus leis an earnáil phobail chun an léann Ultach-Albanach (idir theanga, chultúr agus stair) a chur chun cinn.”

Review of the Year

The impact of the suspension of the Northern Ireland Assembly during 2003 meant that the Agency (in common with the other North / South bodies) had to work under the confines of “care and maintenance”. This clearly creates problems for a relatively new organisation. These difficulties are compounded by the amazing success of the Agency in its programme of work across the four strategic themes. In addition to being the catalyst for the phenomenal growth of Ulster Scots activity across a rapidly growing network of community groups it has raised expectations in that community. During 2003 The Agency was able to meet those expectations and it is vital that it continues to do so. Obviously that is dependent on the availability of resources. The Agency recognises the support provided by the Sponsor Departments North and South and the NSMC during 2003.

The Agency’s Business plan for 2003 received approval from the relevant Departments and Ministers North and South under the NSMC Interim Arrangements. The Agency has worked strenuously towards its implementation. Whilst there were no meetings of the North/South Ministerial Council in the Language Sector the Agency participated in a number of NSMC facilitation meetings and Language Body working group meetings and both Board and Executive were represented at a Corporate Governance Seminar in Armagh organised by the North South Ministerial Council.

The Board of the Agency met seven times during 2003 with meetings held in Belfast, Dublin, Londonderry, Monaghan and Strabane. The meeting in Londonderry took place at the Magee campus of the University of Ulster when staff from the Institute of Ulster Scots Studies provided an excellent presentation of their work to the Board. Similarly one of the Belfast venues was Stranmillis University College when the Board received an inspirational presentation on the work of the Ulster Scots Curriculum Project

In June the Agency appointed its first permanent member of staff when George Patton was appointed Chief Executive. Subsequently the Agency has been able to appoint a further two permanent staff and is currently attempting to finalise arrangements with a third.

The Agency has been unable to move as quickly as they would have wished to obtain the full complement of staff and this has been extremely frustrating.



George Patton, appointed Chief Executive Officer on 1 June, 2003

George Patton, a ceapadh mar Phríomh-Fheidhmeanach, 1 Meitheamh, 2003

Athbhreithniú ar an Bhliain

Mar go raibh Comhthionól Thuaisceart Éireann ar fionraí i gcaitheamh 2003, bhí ar an Ghníomhaireacht (mar aon leis na forais eile Thuaidh/Theas) gníomhú ar bhonn “aire agus cothabhála”. Is cinnte go gcruthaíonn sé sin fadhbanna d’eagraíocht úr. Agus cuirtear leis na deacrachtaí sin leis an dul chun cinn iontach atá déanta ag an Ghníomhaireacht ina clár oibre ar na ceithre théama straitéiseacha. Agus ní hé amháin go raibh sí ina catalaíoch don fhás shuntasach ar an ghníomhaíocht Ultach-Albanach ar fud líonra de ghrúpaí pobail atá ag dul i líonmhaire ar feadh an ama, ach tá méadú tagtha ar shúilíocht an phobail fosta. Bhí an Ghníomhaireacht in ann freastal ar an tsúilíocht sin i gcaitheamh 2003, agus tá sé ríthábhachtach go leanfadh an scéal mar sin. Is léir go bhfuil an méid sin ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil. Aithníonn an Ghníomhaireacht an tacaíocht atá tugtha ag na Ranna Urraithe Thuaidh agus Theas, agus an CATT in imeacht 2003.

Rinne na Ranna cuí agus na hAíre Thuaidh agus Theas Plean Gnó na Gníomhaireachta do 2003 a fhaomhadh faoi Shocrúithe Eatramhacha CATT. Rinne an Ghníomhaireacht obair dhícheallach lena chur i bhfeidhm. Cé nach raibh aon chruinnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas ann in Earnáil na dTeangacha, mar sin féin ghlac an Ghníomhaireacht páirt i roinnt cruinnithe éascaíochta de chuid CATT agus i gcrúinnithe grúpaí oibre leis an Fhoras Teanga, agus bhí ionadaíocht ag an Bhord agus ag an Fheidhmeannas ag Seimineár Rialacháin Chorporáidigh a d’eagraigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas in Ard Mhacha.

Tháinig Bord na Gníomhaireachta le chéile seacht n-uaire in imeacht 2003, agus tionóladh cruinnithe i mBéal Feirste, Baile Átha Cliath, Doire, Muineachán, agus sa Srath Bán. Ar Champas Mhig Aoidh d’Ollscoil Uladh a tionóladh cruinniú Dhoire, agus rinne foireann Institiúid an Léinn Ultach-Albanaigh an-léiriú don Bhord ar a gcuid oibre. Agus arís, is i gColáiste na hOllscoile Stranmillis a tionóladh ceann amháin de chruinnithe Bhéal Feirste, agus tugadh an-léargas go deo don Bhord ar obair Thionscadal an Churaclaim Ultach-Albanaigh.

Cheap an Ghníomhaireacht a céad bhall foirne buan i mí an Mheithimh tráth ar ceapadh George Patton ina Phríomhfheidhmeannach. D’éirigh leis an Ghníomhaireacht beirt bhall foirne bhuana a cheapadh ó shin agus i láthair na huaire táthar ag féachaint le socrúithe a chur i gcrích don tríú duine. Níor éirigh leis an Ghníomhaireacht an dul chun cinn ba mhaith leo a dhéanamh maidir le líon iomlán foirne a fháil, rud a chuir go mór lena bhfrustrachas.

Teanga

Tá an Ghníomhaireacht tar éis a bheith ag obair le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara éagsúla ar mhaithe lena cuid cuspóirí a chur chun cinn. Anuas ar mhaoiniú deontais a thabhairt do thionscadail éagsúla d’fhéach an Ghníomhaireacht leis an teanga a chur chun cinn agus a fhorbairt trína suíomh Gréasáin agus “*The Crack*”, colún sa *Newsletter* agus le hailt san *Ulster Scot*.

Nuair a d’fhoráil Comhráiteas Rialtais na Breataine agus na hÉireann d’Acadamh Ultach-Albanach a bhunú agus maoiniú neamhspleách aige, bhí an Ghníomhaireacht i gcuachás. Bhí an Ghníomhaireacht tar éis a bheith ag caint le comhlacht ar a dtugtar, “The Ulster Scots Academy”, a bunaíodh roinnt blianta roimh thionscnamh an rialtais, maidir le gnéithe éagsúla de

Language

The Agency has worked with a number of partners and stakeholders in furtherance of its objectives. In addition to grant funding a number of projects the Agency, through its website, the production of the “Crack” column in the Newsletter and articles in the Ulster Scot, has provided for the promotion and development of the language.

When the Joint Declaration of the British and Irish Governments made provision for the establishment of an Ulster Scots Academy funded separately the Agency was faced with a dilemma. The Agency had been in discussions with a body known as the “Ulster Scots Academy” formed a number of years prior to the government initiative regarding the provision of various elements of the Agency’s language project. With the possibility of separate funding for an Academy that would undertake many of these projects the Agency decided it should not proceed. Equally projects submitted as grant aid applications, from organisations other than the Academy, but which would involve work that the new Academy would be funded for could not (in the interests of good governance) be considered. At the end of the year these issues had not been resolved. In addition the work of the voluntary organisations in the language sector (by the very nature of voluntary organisations) has meant that progress, whilst steady, has been time-consuming.

Culture

The Agency has supported Ulster Scots cultural development through financial grant and sponsorship assistance for a wide range of events throughout Northern Ireland and the border Counties. This support has been aimed at encouraging communities to express their Ulster Scots cultural identity and during the year 148 different groups successfully applied for financial grant aid.

There has been a significant increase in this expression of culture through music (fiddle, drums, pipes, fife and song) and dance.

The dance tradition in Ulster Scots is becoming stronger with both Highland Dancing, Scottish Country Dancing and Ulster-Scots Square and Country Dancing enjoying a revival thanks to many projects and competitions which received financial grant aid from the Agency.

Education

Stranmillis University College continues to develop Ulster-Scots materials and resources for use in primary schools.

In September 2003 the Ulster Scots Curriculum Project became the Ulster Scots Curriculum Development Unit as two more projects were added. Three new project officers were appointed and commenced work with a remit to carry out a Secondary School Project, Adult Language Project and assist in the completion, trialling and publication of the Primary Project.

The Ulster-Scots in the Primary School and Secondary School Projects have the following key elements: -

thionscadal teanga na Gníomhaireachta a sholáthar. Anois agus féidireacht ann go ndéanfaí maoiniú ar leith ar Acadamh a rachadh i mbun go leor de na tionscadail sin chinn an Gníomhaireacht gan dul níos faide leis an scéal. Agus arís chinn siad, ar mhaithe le dea-rialachas, gan glacadh in aon chor le hiarratais ar dheontais i gcabhair do thionscadail ó eagraíochtaí seachas an tAcadamh, tionscadail a bhain le hobair a mbeadh maoiniú ina leith á fháil ag an Acadamh nua. Ní raibh réiteach fós ar na saincheistean sin faoi dheireadh na bliana. Agus de thoradh obair na n-eagraíochtaí deonacha san earnáil teanga (toisc gur ar bhonn deonach a oibríonn siad) is dul chun cinn seasmhach ach mall atáthar a dhéanamh.

Cultúr

Tá an Gníomhaireacht tar éis tacú leis an fhorbairt chultúrtha Ultach-Albanach le cúnamh airgeadais i bhfoirm deontas agus urraíochta do raon leathan ócáidí ar fud Thuaisceart Éireann agus sna contaetha teorann. Bhí mar aidhm leis an tacaíocht sin na pobail a spreagadh lena n-ionannas cultúrtha Ultach-Albanach a chur in iúl, agus d'éirigh le 148 grúpa éagsúil cur isteach ar chúnamh deontais airgid i gcaitheamh na bliana.

Tá méadú suntasach ar an chur in iúl sin ar an chultúr trí mheán an cheoil (fídeacha, drumai, píoba, fífeanna agus amhránaíocht) agus an damhsa.

Tá an traidisiún damhsa Ultach-Albanach ag neartú agus athbheochan ar siúl ag Damhsa na nGarbchríoch, Damhsa Tíre na hAlban, an Damhsa Cearnóige agus Tíre Ultach-Albanach, a bhuíochas don iliomad tograí agus comórtas a fuair cúnamh deontais airgid ón Gníomhaireacht.

Georgina Kee (ar chlé) agus Demi Conor, rinceoirí Bready, a bhuaigh duaiseanna ag an chéad chomórtas áitiúil Albanach i mBéal Feirste sa Waterfront Hall, maoinithe ag an Gníomhaireacht Ultach-Albanach

Georgina Kee (left) and Demi Conor from Bready Ulster-Scots dancers, who won their sections at the first local Highland dance competition at the Waterfront Hall, Belfast, which was supported by the Ulster-Scots Agency.



Oideachas

Tá Coláiste na hOllscoile Stranmillis ag obair leis i gcónaí chun ábhair agus acmhainní Ultaise a fhorbairt do na bunscoileanna.

Cuireadh dhá thionscadal sa bhreis le Tionscadal an Churaclaim Ultach-Albanaigh i Meán Fómhair 2003, agus rinne an tAonad Forbartha Curaclaim Ultach-Albanaigh de. Ceapadh triúr oifigeach tionscadail úra a thosaigh ag obair agus é mar chúram orthu dul i mbun Tionscadail Iar-bhunscoile agus Tionscadail Theanga Aosaigh agus cuidiú le críochnú, trialú agus foilsiú an Tionscadail Bhunscoile.

- To encourage and develop knowledge and understanding of Ulster-Scots culture and history in primary schools, in both Northern Ireland and the Republic of Ireland.
- To promote and develop the Ulster-Scots language as a classroom option for primary school pupils, north and south.
- To assist with in-service development of teachers, in partnership with relevant external bodies.
- To investigate and draw upon relevant good practice where it currently exists in both parts of Ireland and in Great Britain.
- To research, develop and pilot new learning materials to fill identified gaps in current provision of curricular support materials for the study of Ulster Scots.
- To ensure that any new materials are pupil-friendly and pitched at the appropriate level for the intended age group, in terms of content and presentation and that the potential for learning through ICT is fully exploited.

The Ulster Scots Adult Language Project has the following key elements:-

- To develop an accredited course in the Ulster Scots language for interested adult learners.
- To develop multi media learning materials to support the teaching of such a course.
- To explore appropriate accreditation routes for such a course.
- To secure accreditation for the course, after careful consideration of the options.
- To pilot the teaching of the course with a group of students in order to gauge the market and develop a range of delivery packages, pitched at the appropriate level.

Understanding

The Ulster-Scot

Following the successful launch of *The Ulster Scot* newspaper in the autumn of 2002 it was decided to publish a further eight copies of the paper during 2003.

The brief remains to produce a colourful, lively and positive newspaper for all of the diverse Ulster-Scots based groups.

The newspaper serves as a useful tool for communicating important Agency news to Ulster-Scots communities, and is invaluable as a means of communicating to non Ulster-Scots about the language and culture. During the year the circulation has been built up to circa 60,000. The newspaper continues to be inserted in the News Letter on a Saturday. The Saturday edition of the News Letter has the highest circulation of the week attracting a large readership within farming/rural communities in Northern Ireland and the border counties.

The Ulster Scot is also distributed directly to members in the Northern Ireland Assembly, the Houses of Commons and Lords, Dáil and Seanad Éireann and the Northern Ireland and Republic of Ireland media.

The newspaper receives very favourable comment and is received enthusiastically throughout the Ulster Scots community. Building on this success it is hoped to publish ten editions in 2004.

Baineann na heochairghnéithe seo a leanas leis an Ultais sna Tionscadail Bhunscoile agus Iar-bhunscoile:-

- Eolas agus tuiscint ar an chultúr Ultach-Albanach a chothú agus a fhorbairt i mbunscoileanna, i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.
- An Ultais a chothú agus a fhorbairt mar rogha sa seomra ranga do dhaltaí bunscoile, ó thuaidh agus ó dheas.
- Cuidiú le forbairt inseirbhíse múinteoirí, i gcomhpháirtíocht leis na comhlachtaí seachtracha cuí.
- An dea-chleachtas cuí a imscrúdú agus tarraingt air sa mhéid gurb ann dó sa dá pháirt d'Éirinn agus sa Bhreatain Mhór.
- Taighde, forbairt agus píolótú a dhéanamh ar ábhair foghlama nua chun bearnaí aitheanta a líonadh sa soláthar reatha d'ábhair tacaíochta churaclamacha don staidéar ar an Ultais.
- A chinntiú i gcás aon ábhair nua go mbeidh siad dalta-chairdiúil agus ar leibhéal a fheileann don aoisghrúpa a bheidh i gceist i dtéarmaí inneachair agus cur i láthair, agus go mbainfear leas iomlán as an phoitéinseal chun foghlaim tríd an TFC.

Baineann na heochairghnéithe seo a leanas leis an Tionscadal Teanga Aosaigh Ultaise:-

- Cúrsa creidiúnaithe san Ultais a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí fásta ar spéis leo an teanga a fhoghlaim.
- Ábhair foghlama ilmheáin a fhorbairt chun tacú le múineadh cúrsa dá leithéid.
- Bealaí creidiúnaithe cuí a thaiscéaladh do chúrsa dá leithéid.
- Creidiúnú a bhaint amach don chúrsa, tar éis na roghanna éagsúla a mheasúnú go cúramach.
- Píolótú a dhéanamh ar an chúrsa a theagasc le grúpa mac léinn ar mhaith leis an mhargadh a thomhas agus raon pacáistí seachadta a fhorbairt, agus iad dírithe ar an leibhéal cuí.

Feasacht

The Ulster-Scot

Tar éis a fheabhas is a d'éirigh le lainseáil an nuachtán *The Ulster Scot* i bhfómhar na bliana 2002 cinneadh ar ocht n-eagrán eile den nuachtán a fhoilsiú i gcaitheamh 2003.

An aidhm chéanna atá ann i gcónaí, nuachtán daite bríomhar dearfach a fhoilsiú do na grúpaí éagsúla Ultach-Albanacha uile.

Gléas úsáideach atá sa nuachtán chun nuacht thábhachtach faoin Ghníomhaireacht a chur in iúl do phobail Ultach-Albanacha, agus is áis fíorluachmhar é chun daoine nach Ultach-Albanaigh iad a chur ar an eolas faoi chúrsaí teanga agus cultúir. Méadaíodh ar an chúrsaíocht go dtí leibhéal circa 60,000 i gcaitheamh na bliana. Cuirtear an nuachtán isteach i *News Letter* an tSathairn i gcónaí. Tá an riar is mó den díolachán ag eagrán an tSathairn den *News Letter* agus pobal mór léitheoirí aige i measc pobail fheirmeoireachta/tuaithe Thuaisceart Éireann agus na gcontaetha teorann.

Scaiptear *The Ulster Scot* go díreach ar chomhaltaí i gComhthionól Thuaisceart Éireann, i dTithe na dTeachtaí agus na dTiarnaí, Dáil agus

Website

The Agency website – www.ulsterscotsagency.com - was launched on 10th March at the Odyssey Centre Belfast and in the first two weeks following the launch the site attracted over 150,000 hits.

The website provides a tangible introduction to the Ulster Scots language and culture and incorporates sound and vision in audio and video streaming.

The website is built around the Agency's four development areas – Language, Education, Culture and Awareness. The site has also been constructed with the facility of being bi-lingual, with the aim of increasing the Ulster-Scots language content over the years, and in line with what website visitors wanted.

A major development to refresh the site adding more clickable images and encouraging more interactivity will be undertaken in 2004.



The Ulster-Scots Agency launched its new promotional website – www.ulsterscotsagency.com – in March at Belfast's Odyssey Centre. Chairman Lord Laird of Artigarvan with some of the young Scottish Country dancers who performed at the event

Seoladh suíomh idirlín na heagraíochta i mí an Mhárta ag an Odyssey Centre i mBéal Feirste.

Leaflets

In 2003, the Ulster-Scots Agency continued to produce a number of leaflets discussing some of the influential figures and events in history that were either uniquely Ulster Scots or help explain the rationale behind Ulster Scots thinking. These thought - provoking leaflets range from an examination of the relevance of the great British statesman Lord Castlereagh to the revolutionary and forward thinking of Henry Joy McCracken or William Drennan. Others in the series examine the impact of the Union of the Scottish and English crowns and the mid 17th Century exploits of the Laggan Army. The following topics are covered by the leaflets currently in print: -

- *Lord Castlereagh*
- *The 1798 Rebellion in Ulster*
- *Henry Joy McCracken*
- *Carson*
- *Armour of Ballymoney*
- *The Union of the Crowns 1603*
- *Dr. William Drennan*
- *The Laggan Army*
- *William Ferguson Massey*
- *Thomas Sinclair*
- *The Ulster Covenant*

Seanad Éireann agus ar na meáin i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.

Tá an-mheas ar an nuachtán agus fáiltítear roimhe ar fud an phobail Ultach-Albanaigh. Toisc a fheabhas agus atá ag éirí leis, tá sé i gceist deich n-eagrán a fhoilsiú i gcaitheamh 2004.

Suíomh Gréasáin

Ar an 10 Márta san Odyssey Centre i mBéal Feirste a lainseáladh suíomh gréasáin na Gníomhaireachta – www.ulsterscotsagency.com – agus as sin go ceann coicíse i ndiaidh na lainseála fuair sé breis is 150,000 amas.

Tugann an suíomh gréasáin seoladh isteach inláimhsithe ar an Ultais agus ar an chultúr Ultach-Albanach, agus tá idir fhuaim agus fíis ann sa sruthú fuaime agus fístaispeána.

Tógadh an suíomh gréasáin timpeall ar cheithre réimse forbartha na Gníomhaireachta – Teanga, Oideachas, Cultúr agus Feasacht. Rud eile, tógadh an suíomh ionas go bhféadfadh sé a bheith dátheangach, agus tá sé i gceist cur leis an inneachar Ultaise in imeacht na mblianta, faoi mar a bhí ag teastáil óna chuid cuairteoirí.

Tabharfar faoi mhórfhorbairt in 2004, an suíomh a athnuachan, agus a thuilleadh íomhánna inchliceála a chur air ar mhaithe leis an chruthaitheacht a spreagadh tuilleadh.

Leabhráin

Lean an Gníomhaireacht Ultach-Albanach uirthi in imeacht 2003 ag foilsiú leabhrán faoi phearsana agus ócáidí móra sa stair, ar phearsana agus ócáidí Ultach-Albanacha iad go smior nó a chuidíonn le míniú a thabhairt ar réasúnaíocht na smaointeoireachta Ultach-Albanaí. Tá raon leathan de na leabhrán dúshlánacha sin ann, idir imscrúdú ar ábharthacht an Tiarna Castlereagh, státaire mór Briotanach, agus smaointeoireacht réabhlóideach réamhbhreathnaitheach Henry Joy McCracken nó William Drennan. Tá leabhráin eile sa tsraith a scrúdaíonn an toradh a bhí ar Aontú Chorónacha Shasana agus na hAlban agus eachtraí Arm an Lagáin i lár an 17ú haois déag. Tá na topaicí seo a leanas clúdaithe sna leabhráin atá i gcló faoi láthair: -

- *Lord Castlereagh*
- *The 1798 Rebellion in Ulster*
- *Henry Joy McCracken*
- *Carson*
- *Armour of Ballymoney*
- *The Union of the Crowns 1603*
- *Dr. William Drennan*
- *The Laggan Army*
- *William Ferguson Massey*
- *Thomas Sinclair*
- *The Ulster Covenant*

Seoltar na leabhráin go dtí Ionaid Faisnéise Turasóireachta ar fud Thuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann, an Daonpháirc Uladh-Mheiriceánach, MLAnna i dTuaisceart Éireann agus TDanna i bPoblacht na hÉireann, Comhairlí Ceantair, Leabharlanna Poiblí, Scoileanna agus go dtí an tIonad “Welcome Belfast”. Bíonn lánfháilte ag líon mór daoine roimh na leabhráin sin.

These leaflets are sent to Tourist Information Centres throughout Northern Ireland and the Republic, The Ulster American Folk Park, MLA's in Northern Ireland and TD's in the Republic of Ireland, District Councils, Public Libraries, Schools and the "Welcome Belfast" Centre and are enthusiastically received by large numbers of people.

Grants offered

From January to December 2003, The Ulster-Scots Agency funded 148 groups and offered a total of 209 grants totalling £434,131.53.

Whilst the majority of applications received were to fund cultural events, linguistic development, education and the development of the public's understanding of Ulster-Scots were also financed.

Some examples of funding are outlined below with accompanying reports from the organisations submitted as part of the Agency's monitoring process.

Language

- | | | |
|----|---------------|-----------------------------------|
| 1. | Organisation: | Institute of Ulster-Scots Studies |
| | Event: | International Burns Conference |
| | Date: | 1 st February 2003 |

Despite very inclement weather, an enthusiastic audience gathered for the first International Burns Conference to be held at the Magee campus of the University of Ulster. The conference has now been running since 1990 at the University of Strathclyde but it was decided that such was the enthusiasm for Burns writing in Ulster that it was decided to hold the conference in Ulster. Ryan Canning, a local piper, piped delegates into the event.

Speakers from the Strathclyde conference joined several local experts on Burns for a day of seminars and lectures.

The keynote speech was delivered by Professor Robert Welch, Dean of the Faculty of Arts in the University of Ulster, who talked on the relevance of Burns in Ulster. The papers presented covered a diversity of subjects looking at Burns in a national and international context, in addition to examining his relevance in Ulster. Among other topics explored were "*At a Distance: Some Ulster Bards and Burns*", "*English in its Underwear: A Celebration of the Scots Language*" and "*Bards in the Bush: Scottish Poets and Canadian Identity*". In addition to the academic input, there was some lighter relief in "*A Secret Kiss and Hidden Loyalties: The Passion of Burns' Songs*", which included performances of a number of Burns songs, both familiar and less well known.

The evening saw over seventy guests, including the Mayor of Derry, attend the Burns Supper in the City Hotel. The recital of the Selkirk Grace and the cutting of the haggis were ably undertaken by Reverend Eddie Smith of the Belfast Burns Club. The Immortal memory was presented by Professor Patrick Crotty of the Academy of Irish Cultural Heritages.

As the finale to a week of events exploring Burns and Ulster, the event was a success. This was due to two main factors. Firstly the decision to hold the conference in the University was a far-seeing one. It was the first time for many of the Scottish speakers to present their work outside Scotland and to

Deontais ar Fáil

Ó Eanáir go Mí na Nollag 2003, rinne an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach cistiú ar 148 grúpa, agus thairg sí 209 deontas arbh fhiú móriomlán £434,131.53 iad.

Cé gur iarratais ar mhaoiniú d'ócáidí cultútha a bhí ina bhformhór, rinneadh maoiniú chomh maith ar an fhorbairt teanga agus ar an oideachas, agus ar thuiscint an phobail ar fhorbairt na hUltaise.

Tá cuntas thíos ar roinnt samplaí den mhaoiniú, mar aon le tuairiscí ó na heagraíochtaí a bhí i gceist mar chuid de phróiseas monatóireachta na Gníomhaireachta.

Teanga

- | | | |
|----|-------------|-----------------------------------|
| 1. | Eagraíocht: | Institute of Ulster-Scots Studies |
| | Imeacht: | Comhdháil Idirnáisiúnta Burns |
| | Dáta: | 1 Feabhra 2003 |

Ainneoin na drochaimsire, bhí slua mór i láthair do Chéad Chomhdháil Idirnáisiúnta Burns ar Champas Mhig Aoidh d'Ollscoil Uladh. In Ollscoil Shrath Chluaidh a bhí an chomhdháil á reachtáil ó 1990 i leith, ach i ngeall ar an ardleibhéal spéise a bhíodas a chur i scríbhinní Burns in Ulaidh socraíodh gur in Ulaidh a bheadh an chomhdháil. Rinne Ryan Canning, píobaire áitiúil, an slua a thionlacan go dtí an ócáid le ceol na bpíob.

Tháinig cainteoirí ó chomhdháil Shrath Chluaidh le chéile ann mar aon le neart saineolaithe áitiúla ar Burns do lá iomlán seimineár agus léachtaí.

An tOllamh Robert Welch, Déan Dhámh na nDán in Ollscoil Uladh, a thug an t-eochairaitheasc, agus labhair seisean ar ábharthacht Burns in Ulaidh. Bhí na páipéir a cuireadh i láthair ag plé le neart ábhar éagsúil, iad ag breathnú ar Burns sa chomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus ag cur síos ar a ábharthacht in Ulaidh fosta. Ar na topaicí eile a pléadh bhí “*At a Distance: Some Ulster Bards and Burns*”, “*English in its Underwear: A Celebration of the Scots Language*” agus “*Bards in the Bush: Scottish Poets and Canadian Identity*”. Agus bhí cúrsaí níos éadroime ann fosta, anuas ar an méid a bhí le rá ag an lucht acadúil, leithéid “*A Secret Kiss and Hidden Loyalties: The Passion of Burns’ Songs*”, agus tugadh léiriú ar roinnt d’amhráin Burns, ina measc amhráin atá ar eolas agus amhráin nach bhfuil mórán cur amach orthu. An tráthnóna sin bhí go maith os cionn seachtó aoi i láthair, Méara Dhoire ina measc, chun freastal ar an Burns Supper in Óstán na Cathrach. Rinne an tOirmh. Eddie Smith ón Belfast Burns Club sárjab ar an “Selkirk Grace” a rá agus an hagaois a ghearradh. Chuir an tOllamh Patrick Crotty ó Acadamh na nOidhreachtaí Cultúrtha Éireannacha *The Immortal Memory* i láthair.

Mar chríoch ar sheachtain d'ócáidí a bhí ag iarraidh iniúchadh a dhéanamh ar Burns agus Ulaidh, d'éirigh thar cionn leis an ócáid. Bhí dhá mhórchúis leis sin. Ar an chéad dul síos ba chinneadh fadbhreathnaitheach é an chomhdháil a reachtáil san ollscoil. Ba é an chéad uair é ag go leor de na cainteoirí Albanacha a gcuid oibre a chur i láthair lasmuigh d'Albain agus bhí deis ag cuid de na hacadóirí áitiúla a gcuid páipéar a chloisteáil, agus páirt a ghlacadh i gcainteanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla ina ndiaidh. Tugadh deis fosta do roinnt acadóirí áitiúla a saothar féin a chur i láthair lucht éisteachta níos mó. Bhí iontas ar go leor de mhuintir na hAlban faoi spéis an tslua áitiúil in Burns. Agus níos tábhachtaí fós b'fhéidir, is le fiordheireanas i

give some of the local academics an opportunity hear their papers and also to participate in discussions both formally and informally afterwards as well as allowing some local academics an opportunity to present to a wider audience. Some of those from Scotland were surprised at the depth of interest in Burns among the local audience. Perhaps, more importantly, the Institute is, in academic terms, very recently established having opened in 2001. For a new Institute to organise such a prestigious conference shows other Universities the amount of work already undertaken by the Institute of Ulster-Scots Studies. A second important factor in the success of the conference was bringing the work of the Institute of Ulster-Scots Studies to the attention of the wider public. There was some coverage of the event in the “Glasgow Herald” and significant interest in the local media. Interviews with staff from the Institute were broadcast on local radio – interestingly, the BBC Northern Ireland Irish language radio programme “Blas”, carried an interview about the importance of the poetry of Robert Burns among Irish language speakers in West Donegal. Research officer Mary Delargy was also interviewed about the conference for Channel Nine, the local television station. There was significant feedback from the media coverage, with many of the callers not only interested in the specific event, but also asking more about the Institute itself. Feedback from conference delegates was also very positive and some suggestions were made as to possible themes for forthcoming conferences, such as “Burns and Women” or “A Feminist Perspective of Burns” – perhaps we need to address the balance of speakers or topics to include more women’s issues! One person also raised the question of holding the conference in Ulster so close to the Strathclyde conference. Holding them further apart, it was suggested, might encourage more people from Scotland to come to Ulster for the conference.

2.	Organisation:	School of English, Queen’s Univeristy, Belfast
	Event:	3 rd Symposium on Language and Politics
	Date:	17 th – 20 th September 2003

The Symposium took place from 17-20 September, 2003. As in previous years, its subject was language, current legislation and policies in respect of the Gaeltacht and the Scotstacht (Irish and Scottish Gaelic and all varieties of Scots in Northern Ireland, the Republic of Ireland and Scotland.) The themes were broadcasting, the press, the performing arts and the economy. By addressing those topics, the series of symposia, which had begun in 2000, had thus addressed all the domains covered by Part III of the *European Charter on Regional or Minority Languages*. The approach was balanced, even-handed, impartial and critical, and attracted 114 delegates. A comprehensive volume of edited proceedings papers is to be published by Clo Ollscoil na Banriona.

Of the fifty presentations, 12 were made by people from Northern Ireland – although many more had been invited. These comprised two Northern Ireland politicians (Esmond Birnie, MLA and Steven King), one by a Senior Civil Servant (Pat McAlister, DCAL), two from BBC Northern Ireland (Kieran Hegarty and Chris Spurr), one from the press (Ciaran Ó Pronntaigh, Editor of La), two from public life (Ian Parsley and Ciaran Ó Duibhin), two from the performing arts community (David Grant and Des O’Rawe), a comparison between (Ulster-) Scots and Walloon (Janice Carruthers), and both an introduction in Scots and a paper on broadcasting by John Kirk. All those presentations had specific Ulster-Scots content or dealt with the Ulster-Scots situation.

Ulster-Scots also featured prominently in Aled Eirug’s paper in which he announced new developments for Ulster-Scots on BBC Northern Ireland as a

ndáiríre, i dtéarmaí acadúla, a bunaíodh an Institiúid – sa bhliain 2001 a d’oscail sí. Agus comhdháil dá leithéid a bheith á heagrú ag Institiúid chomh hóg, léiríonn sé d’ollscoileanna eile an méid oibre a bhí déanta cheana féin ag Institiúid an Léinn Ultach-Albanaigh. Cúis eile gur éirigh chomh maith sin leis an chomhdháil ná gur cuireadh obair Institiúid an Léinn Ultach-Albanaigh i láthair pobail níos leithne. Bhí cur síos ar an ócáid sa *Glasgow Herald*, agus chuir na meáin áitiúla spéis shuntasach inti. Craoladh agallaimh le foireann na hInstitiúide ar an raidió áitiúil – agus spéisíuil go leor, bhí agallamh ar “*Blas*”, clár raidió Gaeilge ar BBC Northern Ireland, faoi thábhacht fhilíocht Robert Burns i measc cainteoirí Gaeilge in iarthar Dhún na nGall. Cuireadh agallamh fosta ar Mary Delargy, oifigeach taighde, don stáisiún teilifíse áitiúil, Channel Nine. Bhí aiseolas suntasach de bharr a raibh sna meáin, agus ní hamháin go raibh na glaoiteoirí ag cur spéise san ócáid féin, ach bhí siad ag lorg eolais faoin Institiúid fosta. Bhí an t-aiseolas ó na dealagáidithe an-dearfa, agus moltaí á ndéanamh faoi théamaí féideartha do chomhdhála amach anseo, “Burns and Women” nó “A Feminist Perspective of Burns” – seans go gcaithfidimid rud éigin a dhéanamh faoi chóimheá na gainteoirí nó na dtopaicí agus níos mó saincheisteanna ban a bheith ann! Bhí duine amháin fosta a cheistigh an chomhdháil a bheith ar siúl in Ulaidh, i bhfoisceacht chomhdháil Shrath Chluaidh: dá mbeidís níos faide ó chéile, dúradh, b’fhéidir go dtiocfadh a thuilleadh daoine as Albain go dtí Ulaidh don chomhdháil.

2. Eagraíocht:	Scoil an Bhéarla, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
Imeacht:	An 3ú Siompóisiam ar Theanga agus Pholaitíocht
Dáta:	17-20 Meán Fómhair 2003

Bhí an Siompóisiam ar siúl an 17-20 Meán Fómhair, 2003. Ar nós blianta eile, bhí sé ag plé le cúrsaí teanga, reachtaíocht reatha agus polasaithe a bhain leis an Ghaeltacht agus leis an Scotstacht (Gaeilge na hÉireann agus na hAlban agus na leaganacha uile den Albainis i dTuaisceart Éireann, i bPoblacht na hÉireann agus in Albain). B’iad na téamaí ná an chraoltóireacht, an preas, na healaíona léirithe agus cúrsaí geilleagair. Agus aghaidh tugtha ar na topaicí sin, bhí an tsraith siompóisiam, a thosaigh sa bhliain 2000, tar éis aghaidh a thabhairt ar na réimsí uile a bhí clúdaithe ag *Cuid III de Chairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlach*. Cur chuige meáite, cothrom, neamhchlaonta criticiúil a bhí ann, agus bhí 114 dealagáidí i láthair. Foilseoidh Cló Ollscoil na Banríona imleabhar cuimsitheach de pháipéir na n-imeachtaí, agus iad in eagar.

As an gcaoga cur i láthair a rinneadh, ba dhaoine as Tuaisceart Éireann a rinne 12 cheann díobh – cé gur tugadh cuireadh do neart eile. Bhí beirt pholaiteoirí as Tuaisceart Éireann i gceist (Esmond Birnie, MLA agus Stephen King), Státseirbhíseach Sinsearach (Pat McAlister, DCAL), beirt ó BBC Northern Ireland (Kieran Hegarty agus Chris Spurr), duine amháin ón phreas (Ciarán Ó Pronntaigh, Eagarthóir *Lá*), beirt ón saol poiblí, (Ian Parsley agus Ciarán Ó Duibhín), beirt ó phobal na n-ealaín léirithe (David Grant agus Des O’Rawe), comparáid idir an Ultais agus an Vallúnais (Janice Carruthers), agus idir réamhrá Ultaise agus phaipéar ar chúrsaí craoltóireachta ó John Kirk. Bhí ábhar sainsiúil Ultach-Albanach sna cuir i láthair sin uile, é sin nó phléigh siad le cúrsaí Ultach-Albanacha.

Bhí ionad lárnach ag an Ultais i bpáipéar Aled Eirug fosta, páipéar inar fhógair sé forbairtí nua don Ultais ar BBC Northern Ireland mar thoradh ar a thuarascáil don BBC ar an chraoladh do theangacha mionlach, sa chaint a rinne Maggie Cunningham, Ceann BBC Radio Scotland, agus sa chaint ar “Scots Public Life” a thug John Corbett agus Fiona Douglas.

result of his report on minority language broadcasting for the BBC, and in the talk by the Head of BBC Radio Scotland, Maggie Cunningham, and in the talk on “Scots Public Life” by John Corbett and Fiona Douglas.

Like the previous Symposium, this event concentrated on the policies and issues surrounding all the varieties of Gaelic and Scots, their similarities and differences both within themselves and between each, in their respective legislative contexts. Among the successes was the bringing together of politicians, Civil Servants, government representatives, academics, language experts, institutional employees, media producers, journalists, culture workers, economists, activists and the interested public; the good balance of time and treatment given to each of the different languages and territories in question and the demonstration of an ethos of respect and tolerance for diversity upon which the Symposium is predicated.

With the support of the Ulster-Scots Agency, Foras na Gaeilge and Iomairt Cholm Cille, it was possible to bring together participants who had previously been identified and from whose experience and expertise everyone benefited.

As for topics for the next Symposium, there were suggestions for a more specific focus on Ulster-Scots, for more on the culture that Ulster-Scots embodies, for more on Ulster-Scots pedagogy, for ideological issues and questions of identity and for more on language planning and development, all central concerns of the Agency. Above all, there was a lot of interest in the issue of the economy and the economic value of Ulster-Scots.

- | | | |
|----|---------------|---|
| 3. | Organisation: | Ards Borough Council |
| | Event: | Ulster-Scots Workshops in Primary
Schools |
| | Date: | 25 th , 26 th , 27 th & 28 th November 2003 |

The recent workshops in Primary schools in the Ards Borough were very well received by both pupils and teachers.

It is estimated that over 750 children were able to take part over the 8 workshops and a positive message was returned.

The workshops involved a demonstration of the ties between Scotland and Northern Ireland both culturally and musically, with a demonstration of the old street songs of Ulster. This format let the children participate with the performers. The mini concert was followed by a question and answer session which proved very interesting, highlighted by the number and variety of questions asked.

John Morgan from The Homelander was in full Highland dress, and this also caused a stir with the young people.

- | | | |
|----|---------------|-------------------------------|
| 4. | Organisation: | Ulster-Scots Language Society |
| | Event: | Electronic Text Base Project |
| | Date: | August 2003 – January 2004 |

The initial phase of the Electronic Text Base project focused on Ulster-Scots writings in local newspapers (The Northern Constitution, Coleraine and the Ballymena Observer), between years 1876 and 1924.

A total of 467 separate items in Ulster-Scots from these two newspapers have been photocopied and hard copies deposited in the Academy archive. These items by well-known regular contributors (e.g. Bab M'Keen, Erchie Nuhan

Dála an tsiopóisiam roimhe, dhírigh an ócáid seo fosta ar na polasaithe agus na saincheistanna a bhaineann leis na leaganacha éagsúla uile den Ghaeilge agus den Ultais, na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí iontu agus eatarthu, maidir lena gcomhthéacs reachtaíochta. Ar na dea-thorthaí a bhí leis bhí polaiteoirí, Státseirbhísigh, ionadaithe rialtais, acadóirí, saineolaithe teanga, fostaithe ó institiúidí, léiritheoirí sna meáin, iriseoirí, oibrithe cultúir, eacnamaíthe, gníomhaithe agus an pobal i gcoitinne á dtabhairt le chéile; an dea-chomhardú ó thaobh ama agus cur chuige a caitheadh le gach teanga ar leith agus leis na críocha éagsúla a bhí i gceist, agus an léiriú ar éatas measa agus caoinfhulaingte i leith na héagsúlachta, ar bunghné an tSiompóisiam í.

Le tacaíocht ón Ghníomhaireacht Ultach-Albanach, Foras na Gaeilge, agus Iomairt Cholm Cille, bhíothas in ann rannpháirtithe a thabhairt le chéile a aithníodh roimhe sin agus a ndeachaigh a gcuid taithí agus saineolais chun tairbhe do gach duine.

Maidir le topaicí don chéad Siompóisiam eile, bhí moltaí ann go mbeadh fócas níos sonraíche ar an Ultais, go mbeadh a thuilleadh ann faoin chultúr atá taobh thiar den Ultais, a thuilleadh faoi oideolaíocht na hUltaise, saincheistanna ideolaíocha agus ceisteanna ionannais agus a thuilleadh faoin phleanáil agus faoin fhorbairt teanga, ar ceisteanna lárnacha ag an Ghníomhaireacht iad uile. Ach, thar aon rud eile, bhí an-spéis sa gheilleagar agus i luach geilleagrach na hUltaise.

- | | | |
|----|-------------|------------------------------------|
| 3. | Eagraíocht: | Ards Borough Council |
| | Imeacht: | Ceardlanna Ultaise i mBunsoileanna |
| | Dáta: | 25, 26, 27 & 28 Samhain 2003 |

Bhí an-ghlacadh ag daltaí agus ag múinteoirí araon leis na ceardlanna a reachtáladh le deireanas sna bunscoileanna i mBuirg na hAirde.

Meastar go raibh os cionn 750 dalta in ann páirt a ghlacadh i gcaitheamh na n-ocht (8) gceardlann, agus is teachtaireacht an-dearfa a tháinig ar ais.

Bhain na ceardlanna le léiriú ar na ceangail idir Albain agus Tuaisceart Éireann, ó thaobh an chultúir agus an cheoil de, agus tugadh taispeántas ar sheanamhráin sráide Uladh. A bhuíochas don fhormáid sin bhí na páistí in ann a bheith rannpháirteach leis na hoifidigh. Nuair a bhí an cheoilchoirm ghairid thart bhí seisiún ceisteanna agus freagraí ann, a d'éirigh an-spéisiúil, mar ba léir ar líon agus éagsúlacht na gceisteanna a cuireadh. Bhí John Morgan ó The Homelands gléasta i bhfeisteas iomlán na nGarbhchríoch, rud ar chuaigh i gcion go mór ar an mhuintir óg.

- | | | |
|----|-------------|-----------------------------------|
| 4. | Eagraíocht: | The Ulster-Scots Language Society |
| | Imeacht: | Bunachar Leictreonach Téacs |
| | Dáta: | August 2003 – January 2004 |

Dhírigh céim thosaigh an togra do Bhunachar Téacs Leictreonach ar scríbhinní Ultaise i nuachtáin áitiúla (*The Northern Constitution*, Cúil Raithin agus an *Ballymena Observer*) sna blianta idir 1876 agus 1924.

Tá fótachóipeáil déanta ar 467 mír Ultaise ar leith ar an iomlán as an dá nuachtán sin, agus taisceadh cóip chrua in aicréiv an Acadaimh. Timpeall 1.000 focal ar meán atá sna míreanna sin agus is colúnaithe rialta atá ar aithne a scríobh iad (e.g. Bab M'Keen, Erchie Nuhan agus Oul Han). Is é an chóip chrua sin an chéad chéim den chlár bailithe téacs. Timpeall 467,000 focal atá ann. As an chorpas substaintiúil sin, tá 18% de eochraithe isteach sa

and Oul Han) average about 1,000 words per item and this hard copy acquisition represents the first stage of the text collection programme, with an estimated 467,000 words. Of this substantial corpus, 18% have been keyed into the Electronic Text Base, although a further editing process remains to be done.

This is an ongoing programme with many more articles to be gleaned from the above newspapers and others such as the Newtownards Chronicle. Of course, other substantial genres of Ulster-Scots writing such as poetry and published prose remain to be included in the corpus. However, our intention is to continue keying and accessing the local newspaper writings. The scale of this operation is only beginning to emerge but its usefulness as a resource building exercise as the written record of the language is essential not only in its own right, but also as a resource to enable progress on other programmes such as dictionary and spelling standardisation.

Already the text captured electronically represents a significant achievement and in this respect, the first project is now completed and has been highly successful.

This project initiated a major ongoing programme of Ulster-Scots text base collection and keying which will be the subject of follow up applications until such times as satisfactory core funding for this key programme of both the Agency and the Ulster-Scots Language Society is in place.

Culture

1.	Organisation:	Aughlish Ulster-Scots Group
	Event:	Official Launch of Aughlish Ulster-Scots Group
	Date:	21 st June 2003

The Aughlish Ulster-Scots Group was launched on 21st June 2003 by Lord Laird of Artigarvan – Chairman of the Ulster-Scots Agency. The launch was held in two different phases – outdoor and indoor.

Outdoor activities included a battle re-enactment by the Lower Iveagh Living History Society, Pipe Band and Lambeg drum displays. A tent hosted an exhibition and display for this part of the proceedings.

The local community association supported the event and provided bouncy castles, face painters and craft stalls. It is estimated that approximately 600 people were present at different stages of the proceedings that ran from morning to late afternoon.

The Ulster Scots Folk Orchestra headlined the events indoors with a performance that was extremely well received by the capacity audience of 175.

Billy Ritchie delivered monologues and recited Ulster-Scots poetry, while David Livingston enthralled the audience with a display of both Highland and Lowland pipes.

The Gillian Jones Dancers accompanying The Orchestra were very well received, as were the dancers from Kirknarra who were present with the fifes and drums of the Schomberg Society.

Banbridge Junior Pipe Band gave an impressive performance.

Bhunachar Téacs Leictreonach, cé go mbeidh gá le próiseas eagarthóireachta amach anseo.

Clár leanúnach é seo agus beidh an iliomad alt eile le tiomsú as na nuachtáin thuas agus as nuachtáin eile ar nós an *Newtownards Chronicle*. Agus ní mór seánraí suntasacha eile de scríbhinní Ultaise ar nós filíocht agus prós a chuimsiú sa chorpas fosta ar ndóigh. Tá rún againn leanúint de bheith ag eochrú agus ag teacht ar scríbhinní as na nuachtáin áitiúla áfach. Is anois díreach atáimid ag teacht i dtuigbheáil ar scála na hoibríochta, ach beidh a úsáidí mar shlí chun acmhainn a thógáil ar thaifead scríofa na teanga riachtanach, ní hamháin mar rud ann féin, ach beidh sé ina acmhainn agus aghaidh á tabhairt ar chláir eile ar nós foclóir agus an litriú a chaighdeánú.

Dul chun cinn suntasach atá sa téacs atá gafa go leictreonach cheana féin, tá an chéad togra curtha i gcrích sa mhéid sin, agus tá éirithe thar cionn leis.

Thionscain an togra seo mórchlár leanúnach maidir le bunachar de théacs Ultaise a bhailiú agus a eochrú, agus leanfar de bheith ag déanamh iarratas ina thaobh go dtí go mbeidh croí-chsitiú sásúil ar fáil don eochairchlár seo de chuid na Gníomhaireachta agus de chuid Chumann Teanga na hUltaise.

Cultúr

1.	Eagraíocht:	Auglish Ulster-Scots Group
	Imeacht:	Official Launch of Auglish Ulster-Scots Group
	Dáta:	21 Meitheamh 2003

Rinne an Tiarna Laird Ard Tí Garbháin – Cathaoirleach na Gníomhaireachta Ultach-Albanaigh – an Aughlish Ulster-Scots Group a lainseáil ar an 21ú Meitheamh. Bhain dhá chéim leis an lainseáil – ceann istigh agus ceann amuigh.

Ar na himeachtaí lasmuigh bhí athléiriú ar chath ag an Lower Iveagh Living History Society, agus taispeántais de bhanna píob agus de dhrumaí Lambeg. Bhí seó agus taispeántas ar siúl i bpuball don chuid sin de na himeachtaí.

Thacaigh an cumann pobail áitiúil leis an ócáid agus chuir siad caisleáin phreabacha, péinteálaithe éadain agus stalláí ceardaíochta ar fáil. Meastar go raibh timpeall 600 duine i láthair ag céimeanna éagsúla de na himeachtaí a bhí ar siúl ó mhaidin go dtí déanach san iarnóin.

Bhí páirt mhór ag an Ulster Scots Folk Orchestra sna himeachtaí laistigh. 175 duine a bhí i láthair – bhí an áit lán – agus thaitin an léiriú go mór leo.

Thug Billy Ritchie monalóga agus d’aithris sé filíocht Ultaise, agus chuir David Livingston an lucht féachana faoi dhraíocht lena chuid seanma ar phioba na nGarbhchríoch agus na nÍsealchríoch.

Bhíothas an-sásta fosta leis na Gillian Jones Dancers a thionlacain an cheolfhoireann, agus leis na damhsóirí ó Kirknarra a bhí i láthair le fífeanna agus drumáí an Schomberg Society.

Thug an Banbridge Junior Pipe Band an-léiriú ar fad.

D’éirigh thar barr leis an ócáid i gcoitinne agus leaganacha éagsúla d’ealaín chultúrtha an phobail Ultach-Albanaigh á gcur i láthair. Bhí freastal sách mór ar na hócáidí sa phuball agus sa Halla, agus d’éirigh leo go leor aiseolais a

The overall event was extremely successful in introducing the many and varied cultural art forms of the Ulster-Scots community. The exhibitions both in the tent and in the Hall were very well attended and proved to be very successful in receiving feedback. The attendance figures were extremely encouraging for a small village community and saw the presence of local councillors, MLA's, Church leaders etc.

Everyone present received a questionnaire asking for their views on the events and seeking information on what aspects of Ulster-Scots culture or language they would be interested in developing. From these results, the Group have been able to draw up a programme of events.

The involvement of the local community association was a bonus in that it helped to establish the group as part of the community but also relieved some of the financial burden. The community association covered the cost of insurance for the event as well as providing other forms of entertainment for the children.

Aughlish Ulster-Scots Group received excellent media coverage in all of the local newspapers (Banbridge Chronicle, Leader Ulster Gazette, Outlook and Portadown Times), as well as the Belfast Telegraph and The Tatler. The Ulster-Scot had a two page picture spread and the event received coverage on both Radio Ulster and Downtown.

- | | | |
|----|---------------|---|
| 2. | Organisation: | The Maiden City Festival |
| | Event: | The Maiden City Festival 2003 |
| | Date: | 2 nd – 9 th August 2003 |

The objective of the Maiden City Festival is to extend an understanding of Protestant culture in the City, across all the communities in the City. The Festival is a vehicle for showing the diversity and creativity of culture from within the Protestant community, and to communicate the importance and relevance of Apprentice Boys commemorative parades to that culture. The Festival has both internal and external outcomes: an enhancement of the membership's pride in the City and organisation, and a means of enabling a better understanding of the parades as important cultural events in the context of wider cultural awareness.

The Maiden City Festival in 2003 was a combination of old favourites and friends, along with new additions and new ideas. While local in its focus, as a showcase for Protestant culture in Londonderry and for the Apprentice Boys of Derry, the Festival is significant as the only mainstream Festival of Protestant culture in Northern Ireland. The involvement of local schools, Foyle Search and Rescue, the Chinese and Baha'i communities, and many other individuals also make it a unique example of where a well-managed and culturally focused event remains capable of the active participation and involvement of many from other cultural communities. The values of openness and tolerance, inherent to Protestant culture, make it an enjoyable experience for all those participating or attending. It is those values that make the celebration of diversity possible, while it is the manner in which the Apprentice Boys deliver the Festival that has made the celebration of diversity meaningful.

Among the events taking place were The Mountjoy Cruise; Bluegrass on the Walls; Festival Challenge; Foyle Paddlers Annual Race; Pig Race; Tug-o-Cannon; Car Rally; Ulster Rhythms; Hymns of Inspiration; Walls Arts; WF Marshall Summer Schools Lectures; Institute of Ulster-Scots Studies book launch; "Lundy's Last Stand" play; Kids' Funday; Kids Pop Concert; The

sholáthar. Ábhar misnigh a bhí sa slua a bhí i láthair, ag cur san áireamh gur pobal ó shráidbhaile beag atá ann. Bhí comhairleoirí áitiúla i láthair, mar aon le MLAnna, ceannairí Eaglasta, etc.

Dáileadh ceistneoir ar a raibh i láthair ag lorg a gcuid tuairimí ar na hócáidí, agus ag iarraidh faisnéise faoi na gnéithe den Ultais agus den chultúr Ultach-Albanach ar spéis leo iad a fhorbairt. Ó na torthaí sin bhí an Grúpa in ann clár ócáidí a chur le chéile.

Bónas ba ea rannpháirtíocht an chumainn phobail áitiúil sa mhéid is go mba chuidiú í leis an ghrúpa a bhunú ina chuid den phobal, agus gur glanadh sciar den chostas. B'iad an cumann pobail a dhíol as costas an árachais don ócáid, agus chuir siad saghsanna eile siamsaíochta ar fáil do na páistí fosta.

Fuair an Aughlish Ulster-Scots Group an-chur síos sna meáin agus sna nuachtáin áitiúla uile (*Banbridge Chronicle*, *Leader Ulster Gazette*, *Outlook* agus *Portadown Times*), agus sa *Belfast Telegraph* agus in *The Tatler* fosta. Bhí leathanach dúbailte san *Ulster-Scot*, agus bhí cuntas ar an ócáid ar Radio Ulster agus ar Downtown.

2.	Eagraíocht:	The Maiden City Festival
	Imeacht:	The Maiden City Festival 2003
	Dáta:	2 Lúnasa – 9 Lúnasa 2003

Is é an cuspóir atá leis an Maiden City Festival, tuiscint ar an chultúr Protastúnach sa Chathair a leathadh i measc na bpobal uile sa Chathair. Is bealach í an Fhéile leis an éagsúlacht agus an chruthaitheacht laistigh den phobal Protastúnach, mar aon le tábhacht agus ábharthacht pharáidí cuimhneacháin na Apprentice Boys, a chur in iúl don chultúr sin. Gabhann torthaí inmheánacha agus seachtracha araon leis an fhéile: cuirtear le bród na ballraíochta as an Chathair agus as an eagraíocht, agus is bealach é fosta le tuiscint níos fearr a fháil ar na paráidí mar ócáidí tábhachtacha cultúrtha i gcomhthéacs feasacht chultúrtha níos leithne.

An Maiden City Festival a tionóladh sa bhliain 2003, ba mheascán é den sean agus den úr – rudaí ansa agus cairde ó na seanlaethanta, mar aon le gnéithe nua agus smaointe úra. Fócas áitiúil a bhaineann leis, ach is féile an-suntasach é sa mhéid go dtugann sé an-léiriú ar an chultúr Protastúnach i nDoire agus ar Apprentice Boys Dhoire, agus is é an t-aon fhéile phríomhshrutha den chultúr Protastúnach é i dTuaisceart Éireann. Agus le rannpháirteachas na scoileanna áitiúla, Foyle Search and Rescue, pobail Shíneacha agus Baha'i, agus neart indibhidí eile, déanann siad sin uile sampla uathúil é d'ócáid a mbaineann dea-bhainistiú agus fócas cultúrtha léi, agus atá in ann ag rannpháirteachas gníomhach agus ag bainteacht an iliomad daoine as pobail chultúir eile. Luachanna ar nós oscailteacht agus caoinfhulaingt atá de dhlúth agus d'inneach sa Phrotastúnachas, is iad a dhéanann eispéireas taitneamhach de dóibh siúd uile a ghlacann páirt nó a bhíonn i láthair. Is iad na luachanna sin atá taobh thiar de cheiliúradh na héagsúlachta, agus is é an bealach a sheachadann na Apprentice Boys an fhéile faoi deara brí a chur i gceiliúradh na héagsúlachta.

Ar na hócáidí a bhí ar siúl bhí: an Mountjoy Cruise; Bluegrass on the Walls; Festival Challenge; Foyle Paddlers Annual Race; Pig Race; Tug-o-Cannon; Car Rally; Ulster Rhythms; Hymns of Inspiration; Walls Arts; WF Marshall Summer Schools Lectures; Iainseáil leabhar ag Institiúid an Léinn Ultach-Albanaigh; dráma: "Lundy's Last Stand"; Kids' Funday; Kids Pop Concert; The Scottish Fiddle Orchestra; Fireworks; Highland Gathering agus glóir-réim "The Relief of Derry".

Scottish Fiddle Orchestra; Fireworks; Highland Gathering and The Relief of Derry Pageant.

3. Organisation: The Schomberg Society Kilkeel Ltd
 Event: Schomberg Ulster-Scots Festival
 Date: 11th – 19th July 2003

The Festival kicked off with a reception in Reivers House prior to the Annual Street Pageant on Friday 11 July. Lord and Lady Laird were in attendance as well as other invited guests, Mr Will Glendinning, Diversity Challenges, the Grand Master Mr Robert Salters, GOLI, Cllr Isaac Hanna, Newry and Mourne District Council. Lord Laird officially declared the Festival open at the reception and this was followed by the Annual Pageant.

Marshal Schomberg (in the person of Maynard Hanna) led the Schomberg Fife and Drum, their Musket and Pikemen, and then came a re-enactor on horseback representing King William, accompanied by the Cavan and Monaghan Volunteers, complete with a 17th Century field cannon. Bringing up the rear were the Lower Iveagh Protestant Fencibles. Two young children were at the front of the parade carrying a wreath for the memorial stone.

Three thousand people thronged the bonfire site and the open-air concert that followed the bonfire was thoroughly enjoyed by all. It was a highly successful 11th night, big crowds, no trouble and happy families.

Sunday 13th saw the first ever Sabbath Day Lecture with Mr Nelson McCausland speaking on “The Hope of Israel”. This proved to be a very worthwhile venture and will be repeated in 2004.

Monday July 14th found the Society hosting its first open-air summer barbeque at Hanna’s Close. Local musicians Marquez Glenney, John Shields, Lambeg Drum and Fife, Edward Stevenson, Mouth-organ, James Stevenson, Highland Bagpipes and Mr Arthur Girvan on Guitar and Mandolin, all helped to entertain a large and appreciative crowd. On Tuesday 15th, the Rev Mattison’s Ulster-Scots cooking lessons were held at “The Close”. Again this was very well attended by interested locals, the News Letter and Miss Fionnuala Wilson, BBC who recorded an interview for “A Kist of Wurd’s” and also for the BBC website. That evening the Orange Cultural Society put on a Museum Display in Reivers House.

Wednesday 16th July saw a trip to the Boyne for an informative history Tour of the historic battle site, and the Boyne Valley. At home during the day, Miss Gillian Holmes and the Kirknarra School of Dance held a very successful open day and dance workshop. In the evening, the Ulster Scots Folk Orchestra entertained open-air at Cranfield Caravan Park. Thursday 17th saw the Kids’ Funday, with barbeque, bouncy castles, face painting and disco. In the evening at Reivers House, the Schomberg Annual Summer Lecture heard Mr Andrew Mattison talk on the Border Reivers. Andrew’s props of steel body protection and steel bonnet all helped to add to the atmosphere.

Friday 18th July commenced with a Lambeg Drum display and workshop, followed by a display of vintage cars and tractors in the Lower Square, Kilkeel, and in the evening the Schomberg Annual Lambeg Drumming competition. This was the biggest turnout to date for this event and due to the numbers involved, the competition didn’t close until after midnight. At the same time, the Kilmorey Dance got under way in the local Hotel, with music by Sensation.

3.	Eagraíocht:	The Schomberg Society Kilkeel Ltd
	Imeacht:	Schomberg Ulster-Scots Festival
	Dáta:	11-19 Iúil 2003

Cuireadh tús leis an Fhéile le fáiltiú in Reivers House roimh an Ghlóir-réim Bhliantúil Sráide, Dé hAoine an 11ú Iúil. Bhí an Tiarna agus an Bhaintiarna Laird i láthair, mar aon le haíonna eile ar cuireadh, an tUas. Will Glendinning, Diversity Challenges, an tArd-Mháistir an tUas. Robert Salters, GOLI, an Comhairleoir Isaac Hanna, Comhairle Ceantair an Iúir agus Murna. D’fhógair an Tiarna Laird an fhéile ar oscailt go hoifigiúil ag an fháiltiú agus bhí an ghlóir-réim bhliantúil ann ina dhiaidh sin.

Marascal Schomberg (i bpearsa Maynard Hanna) a bhí chun tosaigh ar an Schomberg Fife and Drum, a gcuid Muscaed agus Píceálaithe. Ina dhiaidh sin tháinig aisteoir i bpáirt Rí Liam, agus Óglaigh an Chabháin agus Mhuineachán á thionlacan, mar aon le canóin pháirce ón 17ú haois déag. Taobh thiar díobh sin uile bhí na Lower Iveagh Protestant Fencibles. Bhí beirt pháistí óga chun tosaigh ar an pharáid agus bláthfhleasc don leacht cuimhneacháin ar iompar acu.

Bhí slua trí mhíle duine i láthair ag an tine chnámh, agus baineadh an-sult as an cheolchoirm faoin aer a bhí ann nuair a bhí an tine chnámh thart. An-ócáid a bhí ann d’oíche an 11ú, sluaite móra, easpa trioblóide, agus teaghlaigh shásta.

Bhí an chéad léacht Shabóide riamh ann Dé Domhnaigh an 13ú, nuair a thrácht an tUas. Nelson McCausland ar “The Hope of Israel”. B’fhiú go mór í agus tionólfar arís í sa bhliain 2004.

Thionóil an Cumann a chéad bearbaiciú riamh faoin aer Dé Luain, 14ú Iúil, in Hanna’s Close. Rinne ceoltóirí áitiúla, Marquez Glenney, John Shields, Drumaí agus Fífeanna Lambeg, Edward Stevenson, orgán béil, James Stevenson, Highland Bagpipes agus an tUas. Arthur Girvan ar an ngiotár agus an maindilín, rinne siad uile a gcion le haeraíocht a chur ar fáil don slua mór léirtheisceanach a bhí i láthair. Dé Máirt an 15ú, tionóladh ranganna Cócaireachta Ultach-Albanaigh an Oirmh. Mattison in “The Close”. Agus arís bhí neart de lucht spéise áitiúil i láthair, mar aon leis an *News Letter* agus Fionnuala Wilson ón BBC a thaifead Agallamh do “A kist of Wuds” agus do láithreán gréasáin an BBC fosta. Léirigh an Orange Cultural Society taispeántas músaeim an tráthnóna sin in Reivers House.

Dé Céadaoin an 16ú Iúil tugadh cuairt ar an Bhóinn áit a tionóladh Turas faisnéise staire chuig an láthair chogaidh stairiúil, agus go dtí Gleann na Bóinne. Sa bhaile, i gcaitheamh an lae, bhí lá oscailte agus ceardlann damhsa ar éirigh thar barr léi ag Miss Gillian Holmes agus Scoil Damhsa Kirknarra. Bhí an Ulster Scots Folk Orchestra ag seinm faoin aer sa Cranfield Caravan Park. Ar an Déardaoin, an 17ú, bhí lá spraoi ann do na páistí: bhí bearbaiciú ann mar aon le caisleáin phreabacha, péinteáil éadan agus dioscó. An tráthnóna céanna in Reivers House d’éist an slua leis an Uas. Andrew Mattison ag cur síos ar na Border Reivers. Agus an fearas a bhí ag Andrew – cumhdach colainne cruach agus boinéad cruach – chuir siad go mór leis an atmaisféar.

Thosaigh an Aoine, an 18ú Iúil le taispeántas Drumaí Lambeg agus ceardlann, bhí taispeántas de charranna agus tarracóirí seanré sa Chearnóg Íochtair, Cill Chaoil, ina dhiaidh agus an Schomberg Annual Lambeg Drumming Competition an oíche sin. Bhí an slua is mó dá bhfacthas ag an imeacht sin riamh i láthair an oíche sin agus níor dhún an comórtas go dtí i ndiaidh meánoíche i ngeall ar an líon daoine a bhí i gceist. Agus taca an ama

Saturday 19th July, and the Kirknarra School of Dance staged their first ever Highland Dance Competition in Ballymageough Orange Hall. This event proved to be a great success, with Mr George Patton fulfilling his first engagement on behalf of the Ulster-Scots Agency in presenting trophies to the winning dancers. It was a very successful event with over 80 youngsters competing from all over Northern Ireland.

A really good Festival, big crowds, all events well attended, tremendous interest expressed in the work of the Schomberg Society and its membership, lots of good free publicity and warm hearted thanks that will augur well for 2004. The whole event has installed a new confidence within the Society and a hunger for doing something that will be even bigger and better for 2004.

- | | | |
|----|---------------|--------------------------------------|
| 4. | Organisation: | Ballycarry Community Association |
| | Event: | Broadisland Gathering 2003 |
| | Date: | 5 th – 7th September 2003 |

The 2003 Broadisland Gathering saw the largest crowds to date in Ballycarry, and also the presence of a BBC film crew throughout the day; signs that the event had truly become an established fixture of the Ulster-Scots festival calendar in Northern Ireland.

The attractions of the day were added to by the presence of The Low Country Boys, a gospel bluegrass band, a local folk group and a commemoration at the memorial to Rev Edward Brice, first Presbyterian minister in Ireland, marking the 390th anniversary of his ministry. The entertainments also included clowns, face painting, pipers, pipe bands, Magheramorne Silver Band, the Redhall Reivers horseriders, vintage vehicles, the Junior Highland Games, and town land banner parade.

Chief guest at the event was Cllr. Robert Higgins, vice-chairman of Dumfries and Galloway District Council, who was accompanied by council official Alex Haswell. Also present was Mr. John Reardon of the Scottish Covenanter Memorials Association.

On the Friday evening prior to the Gathering, the community centre was the venue for the Bard of Ballycarry competition, and a night of homegrown entertainment, which was attended by a large audience. During the evening a new townland banner, for Blackhill townland, was unveiled, and events started on the Broadisland Day with this banner being paraded through the village.

The PSNI estimate that Ballycarry played host to between 3,000 and 4,000 people throughout the day of the Gathering, and there are indications that among those from outside the borough were visitors from Antrim, Newtownabbey, North Antrim and Belfast. The crowds were by far the largest to date witnessed in the village and planning for next year's event must take into account this aspect, not least in terms of traffic congestion. Helpful suggestions have been made to us in this regard by the PSNI community policing team, for which we are grateful.

This year the organisers changed advertising systems, with advertising space being purchased in the Ballymena Guardian and local advertising lessened. We believe that this had some impact, but that the presence of a leafleting team in Ballymena for the Country Antrim Royal Black Institution demonstration also attracted considerable numbers to our event. The degree of pre-knowledge about the Broadisland Gathering was also evident on the occasion.

céanna tionóladh an “Kilmorey Dance” san óstán áitiúil. *Sensation* a chuir an ceol ar fáil.

Dé Sathairn, an 19ú Iúil, agus d’eagraigh Scoil Damhsa Kirknarra a gcéad chomórtas damhsa Garbhchríche riamh i Halla Oráiste Ballymageough. D’éirigh thar barr leis an ócáid, agus chomhlíon an tUas. George Patton a chéad dualgas riamh thar ceann na Gníomhaireachta Ultach-Albanáí nuair a bhronn sé trófaí ar na damhsóirí buaiteacha. Ócáid an-rathúil a bhí ann agus os cionn 80 duine óg as gach cuid de Thuaisceart Éireann ag glacadh páirt.

Féile den scoth, sluaite móra, freastal maith ar na hócáidí uile, an-spéis curtha in obair an Schomberg Society agus ina bhallraíocht, neart dea-phoiblíochta saor in aisce agus buíochas ó chroí – dea-chomhartha do 2004. Spreag an ócáid uile féinmhuinín úr sa Chumann agus tá fonn orthu rud éigin níos mó agus níos fiúntaí fós a dhéanamh do 2004.

- | | | |
|----|-------------|----------------------------|
| 4. | Eagraíocht: | Cumann Pobail Bhaile Cora |
| | Imeacht: | Broadisland Gathering 2003 |
| | Dáta: | 5-7 Meán Fómhair 2003 |

Ag an Broadisland Gathering 2003 a chonacthas na sluaite ba mhó fós i mBaile Cora, mar aon le criú ón BBC ar feadh an lae: comhartha gur ócáid seanbhunaithe é dáiríre ar fhéilire na bhféilte Ultach-Albanacha i dTuaisceart Éireann.

Ar na hábhair spéise ar an lá bhí na *Low Country Boys*, buíon cheoil “Bluegrass Gospel”, grúpa tíre áitiúil agus comóradh ag an leacht cuimhneacháin don Oirmh. Edward Brice, an chéad mhinistir Preispitéireach, in Éirinn, b’in an 390ú comóradh ar a mhinistreach. I measc na siamsaíochta freisin bhí fir ghrinn, péinteáil éadan, píobairí, bannaí píob, Magheramorne Silver Band, marcaigh – na *Redhall Reivers*, feithiclí seanré, na Junior Highland Games, agus paráid meirgí na mbailte fearann.

Ba é an Comhairleoir Robert Higgins, leaschathaoirleach Chomhairle Ceantair Dun Fris agus Gallghallaibh, an príomh-aoi ag an ócáid. Bhí Alex Haswell, oifigeach ón chomhairle, in éineacht leis. I láthair freisin bhí an tUas. John Reardon ón Scottish Covenanter Memorials Association.

Trathnóna Dé hAoine, sular cuireadh tús leis an “Gathering”, tionóladh comórtas an “Bard of Ballymacarry” in ionad an phobail, agus bhí oíche de shiamsaíocht áitiúil ann, agus slua mór i láthair. Nochtadh meirge nua do bhaile fearann, baile fearann Blackhill, i gcaitheamh an tráthnóna agus mar thús leis na himeachtaí ar Broadisland Day tugadh an meirge sin ar pharáid tríd an sráidbhaile.

Measann an PSNI go raibh idir 3,000 agus 4,000 i láthair i mBaile na Cora lá an “Gathering”, agus dealraíonn sé go raibh daoine ann ó áitearna lasmuigh den bhuirg fosta – daoine ó Aontroim, Baile na Mainistreach, tuaisceart Aontroma agus Béal Feirste ina measc. B’iad na sluaite ba mhó riamh a chonacthas sa sráidbhaile agus is gné í sin nach mór a chur san áireamh agus pleanáil á déanamh d’ócáid na bliana seo chugainn, agus ó thaobh brú tráchta fosta. Tá moltaí cuiditheacha déanta ina leith ag buíon phóilínreachta phobail an PSNI, agus táimid buíoch díobh as an méid sin.

D’athraigh an lucht eagrúcháin na córais fógraíochta i mbliana, ceannaíodh spás fógraíochta sa *Ballymena Guardian* agus bhí laghdú ar an fhógraíocht áitiúil. Creidimid go raibh toradh áirithe ar an méid sin, ach is dóigh linn gur mealladh go leor daoine go dtí ócáid seo againne fosta de bharr go raibh

Education

- | | | |
|----|---------------|---|
| 1. | Organisation: | Burnside Ulster-Scots Society |
| | Event: | Battle of Antrim Commemoration /
Celebration |
| | Date: | 6 th September 2003 |

The event took place as planned on Saturday 6 September 2003, and although very heavy rain delayed the start by 30 minutes, the event was a great success.

The parade of participants was greeted at the platform by officials of the Society, including the Chieftain Jonathan McCullough, and the Mayor of Antrim Councillor Dunlop and his wife, along with the Reverend Steven Dickinson, dressed in the eighteenth century Presbyterian robes.

The narrator, Fraser Agnew introduced the guests and after the opening devotions, a fanfare was played by buglers on the battlements of the castle. Fraser kept the programme moving and, between acts, his historical commentary showed the depth of his knowledge.

The Battle re-enactments were the most popular items on the programme.

The number participating in the event was estimated at around 165 and the number of spectators 1175. The age range was from Primary school and under right up to Senior Citizens.

From the Committee's point of view the companionship and teamwork involved in the project was almost tangible, especially during the final week of preparation, with up to three meetings taking place each week. The sense of achievement after the event was exhilarating and the favourable comments from guests and spectators has given Burnside a spur to make this an annual event.

The professionalism of all the participants is to be applauded and a last minute booking of the Minstrel Boys, led by Cameron Robinson, proved inspirational due to the authenticity of their uniforms and flag. They also added to the re-enactions with the musket fire from the battlements.

As already stated, this was a very successful event and Burnside thanks all the funding bodies that made it possible.

- | | | |
|----|---------------|--|
| 2. | Organisation: | Ulster-Scots Language Society |
| | Event: | Ulster-Scots Development in Primary
Schools in North Antrim |
| | Date: | March 2003 |

With the sponsorship granted by The Ulster-Scots Agency, the Ulster-Scots Language Society organised a cross-community competition on the theme, "Ate up, ye'r at yer Grannie's!"

An innovative competition, it aimed to stimulate awareness and use of the Ulster-Scots language, with the title allowing for a wide range of educational expression based around the theme of food, cooking or in the kitchen. It could be, for example, poetry, song, illustration, story, drama, recipe ideas or books. Entries were welcomed in any format: audio, visual or print, with the Judging Committee looking for creativity and originality along with Ulster-Scots content.

foireann scaipthe bileog ar an Bhaile Meánach do léirsiú “Royal Black Institution” Chontae Aontroma. Bhí sé soiléir fosta an oiread réamheolais is a bhí ann faoin “Broadisland Gathering” ar an ócáid sin.

Oideachas

1.	Eagraíocht:	Burnside Ulster-Scots Society
	Imeacht:	Comóradh/Ceiliúradh Chath Aontroma Commemoration/Celebration
	Dáta:	6 Meán Fómhair 2003

Tharla an ócáid faoi mar a bhí pleanáilte Dé Sathairn, 6 Meán Fómhair 2003, agus d’éirigh thar barr leis an ócáid cé gur thosaigh sí 30 nóiméad déanach i ngeall ar bháisteach throm,.

D’fháiltigh oifigigh an Chumainn, ina measc an taoiseach Jonathan McCullough, agus Méara Aontroma, an Comhairleoir Dunlop agus a bhean, mar aon leis an Oirmh. Steven Dickinson, a bhí gléasta i bhfeisteas Preispitéireach ón ochtú haois déag, d’fháiltigh siad roimh pharáid na rannpháirtithe ag an ardán.

Ba é Fraser Agnew an reacaire, agus chuir seisean na haíonna i láthair agus, i ndiaidh na ndeabhóidí tosaigh, sheinn buíon buabhallaithe gleadhradh ar fhorbhallaí an chaisleáin. Choinnigh Fraser na himeachtaí ag gluaiseacht agus léiríodh doimhneacht a chuid eolais sa tráchtairacht staire a rinne sé idir na gníomhartha.

B’iad na léirithe ar an Chath na míreanna den chlár ba mhó a thaitin le daoine.

Measadh go raibh thart ar 165 páirteach san ócáid, agus go raibh thart ar 1175 de lucht féachana i láthair. Cuimsíodh an-raon aoiseanna, ó aois bhunscoile go dtí seanóirí.

Ó thaobh an Choiste de, bhí idir chomhaltacht agus obair bhuíne inbhraite, geall leis, sa togra go háirithe i seachtain dheireanach an ullmhúcháin, agus bhí suas le trí chruinniú ann gach seachtain. Bhí ardú meanman ann i ndiaidh na hócáide ag éirí as tuiscint ar a raibh bainte amach, agus fuarthas ardmholadh ó aíonna agus ón lucht féachana, rud atá ag tabhairt spreagadh do mhuintir Burnside ócáid bhliantúil a dhéanamh as.

Tá moladh tuillte ag na rannpháirtithe uile as a gcuid proifisiúntacha, agus bhíothas an-sásta leis na “Minstrel Boys”, a bhí á dtreorú ag Cameron Robinson agus nár cuireadh in áirithint go dtí an nóiméad deireanach. Bhí siad ar fheabhas i ngeall ar a gcuid éide míleata agus a mbratach. Scaoil siad urchair mhuscaid ó na forbhallaí, rud a chuir leis an drámatúlacht.

Faoi mar atá ráite thuas, ba ócáid í ar éirigh thar barr léi agus gabhann Burnside buíochas leis na comhlachtaí maoinithe uile mar nach dtarlódh sí murach an cuidiú a thug siad.

2.	Eagraíocht:	Ulster-Scots Language Society
	Imeacht:	Ulster-Scots Development in Primary Schools in North Antrim
	Dáta:	Márta 2003

Leis an urraíocht a fuair siad ón Ghníomhaireacht Ultach-Albanach, d’eagraigh Cumann Teanga na hUltaise comórtas trasphobail ar an téama “Ate up, ye’r at yer Grannie’s!”

The adjudicators were impressed by the quality of the submissions to the competition and delighted by the range, inventiveness, creativity and variety of the work submitted by each school. The differing approaches to and interpretations of the theme, the scope and the content of the submissions, and the natural and enthusiastic use of local Ulster-Scots, in addition to the facility displayed in working with both print and non-print formats, reflected much credit on pupils and teachers alike.

Entries received came in paper format with accompanying video or PowerPoint materials. The videos and PowerPoint presentations included drama, dialogues, and a song; and the print material included creative writing by pupils, recipes and a recipe book.

Balnamore Primary School/Buick Primary School were equal first, Glynn Primary School was second and Damhead and Longstone Primary Schools were placed equal third.

- | | | |
|----|---------------|----------------------------------|
| 3. | Organisation: | Ballycarry Community Association |
| | Event: | James Orr Summer School |
| | Date: | 14 th June 2003 |

The concept of the James Orr Summer School is to highlight the heritage that has been provided by Orr, as one of the principal Ulster Scots Weaver Poets, both to the Ulster-Scots community generally and to Ballycarry in particular. The first Summer School was held in Ballycarry Community Centre on 14 June 2003, and attracted some 30 participants and considerable publicity in the local press. It is hoped to build on this in future years in terms of numbers and press coverage. One notable mention of the provincial press this year was a favourable comment in an Irish language section in the Irish News.

It is intended that each year themes will be chosen which reflect the general themes of Orr's life. These could include, for example, dialect and language, farming and social life, political outlook, the 1798 Rebellion, Presbyterian radicalism, Freemasonry and so on. On this occasion of the first Summer School, there were talks on James Orr (Dr Philip Robinson), Local Dialect (Mr Sam Cross), the Princess Victoria disaster 1953 (Mr Stephen Cameron) and Rev. Edward Brice and early Presbyterianism in Ballycarry (Rev. Dr. John W. Nelson). The event was formally opened by Cllr. Robert McKee, Mayor of Larne, and Lord Laird, Chairman of the Ulster-Scots Agency.

The event proved to be of considerable interest in highlighting both the importance of James Orr to Ballycarry and to the Ulster-Scots community generally, and was successful in bringing together a good number of participants from varied backgrounds and geographical areas. Publicity that preceded and followed it was excellent and there was a general "feel-good" factor about the event. The total cost of the summer School was not excessive for such events and grant aid from the Ulster-Scots Agency and Larne Borough Council made it possible to fund and stage this prestigious event.

The feedback was highly positive and we are confident that details of the event and the underlying information from the talks was passed back into the communities from which the participants came. We feel that the event provided good value for money, in the following terms particularly: -

- Heightening the profile of James Orr, Bard of Ballycarry, as the foremost of the Ulster-Scots Weaver Poets, and encouraging a greater interest in his work, and

Comórtas nuálach, bhí sé mar aidhm aige feasacht agus úsáid na hUltaise a spreagadh, agus cheadaigh an teideal raon leathan de chur in iúl oideachasúil a bhí bunaithe ar théama an bhia, na cócaireachta nó sa chistin. D'fhéadfadh filíocht, amhrán nó léaráidíocht a bheith ann, nó scéalaíocht, drámaíocht, smaointe d'oidis nó leabhair. Fáiltíodh roimh iarratais i bhformáid ar bith: fuaim, fis nó cló. Cruthaitheacht agus úrnuacht, mar aon le hinneachar Ultach-Albanaigh, a bhí á lorg ag an Choiste Breithiúna.

Bhí na breithiúna an-tógtha le caighdeán na n-iarrachtaí don chomórtas agus bhí gliondar orthu as an raon, an an chruthaitheacht agus as éagsúlacht na hoibre a cuireadh isteach ó gach scoil. Bhí an-chreidiúint ag dul do na daltaí agus do na múinteoirí araon as an éagsúlacht sa chur chuige agus sa léirmhíniú ar an téama, as scóip agus inneachar na suimisean, as úsáid nádúrtha díograiseach na hUltaise áitiúla, agus as an chumas a léiríodh san obair a rinneadh ar fhoráidí clóite agus neamhchlóite araon.

Na hiontrálaithe a fuarthas, bhí siad i bhformáid phaipéir, agus ábhair físe nó PowerPoint in éineacht leo. Sna léirithe físe agus PowerPoint bhí drámaí, agallaimh bheirte, agus amhrán; san ábhar clóite bhí scríbhneoireacht chruthaitheach ó na daltaí, oidis agus leabhar oideas.

Bhí bunscoileanna Balnamore agus Buick ar comhscór don chéad áit, bhí bunscoil Glynn sa dara háit agus bhí bunscoileanna Danhead agus Longstone ar comhscór don tríú háit.

3.	Eagraíocht:	Cumann Pobail Bhaile Cora
	Imeacht:	Scoil Samhraidh James Orr
	Dáta:	14 Meitheamh 2003

Tá coincheap Scoil Samhraidh James Orr ann chun aibhsiú a dhéanamh ar an oidhreacht a sholáthair Orr, duine de na príomhfhlí fíodóra Ultach-Albanacha, don phobal Ultach-Albanach i gcoitinne agus do Bhaile Cora go háirithe. Tionóladh an chéad Scoil Samhraidh in ionad pobail Bhaile Cora ar an 14ú Meitheamh 2003, bhí 30 duine rannpháirteach ann agus fuair sé neart poiblíochta sna nuachtain áitiúla. Táthar ag súil go dtógfár an méid sin sna blianta atá le teacht, i dtéarmaí lín daoine agus poiblíochta sna meáin. Agus tagairt shuntasach maidir leis an phreas áitiúil, rinneadh trácht moltach air i rannóg Ghaeilge san *Irish News*.

Tá sé i gceist go roghnófar téamaí gach bliain ar léiriú iad ar théamaí ginearálta i saol Orr, mar shampla, canúint agus teanga, an fheirmeoireacht agus an saol sóisialta, dearcadh polaitiúil, Éirí Amach 1798, an raidiciúlacht Phreispitéireach, an Máisiúnachas agus mar sin de. Ag an gcéad Scoil Samhraidh seo tugadh cainteanna ar James Orr (Dr Philip Robinson), Local Dialect (Mr Sam Cross), the Princess Victoria Disaster 1953 (Mr Stephen Cameron) agus Rev. Edward Brice and early Presbyterianism in Ballycarry (Rev. Dr. John W. Nelson). Rinne Méara Latharna, an Comhairleoir Robert McKee agus an Tiarna Laird, Cathaoirleach na Gníomhaireachta Ultach-Albanaí, oscailt fhoirmiúil ar an ócáid.

Díol spéise a bhí san ócáid maidir le haibhsiú a dhéanamh ar thábhacht James Orr do Bhaile Cora agus don phobal Ultach-Albanach i gcoitinne. Agus d'éirigh léi líon suntasach rannpháirtithe a thabhairt le chéile as cúlaí éagsúla agus as limistéir geografacha éagsúla. Bhí an réamhfhógraíocht agus an phoiblíocht ina dhiaidh ar fheabhas, agus bhí dea-bhraistint ag baint leis an ócáid. Ní raibh costas iomlán na scoile samhraidh as cuimse daor d'eagraíochtaí dá leithéid, agus leis an deontas i gcabhair a fuarthas ón

- Highlighting the varied aspects of the Ulster-Scots connection and heritage, ranging from dialect to the 1953 cross-channel ferry disaster, which linked Scotland and Northern Ireland.

Willie Drennan of the Ulster-Scots Folk Orchestra pictured with members of the Bright Lights dance group during the East Belfast Community Education Centre's Ulster-Scots Week in September

Willie Drennan ón cheolfhoireann Ultach-Albanach le baill den ghrúpa damhsóirí Bright Lights le linn na seachtaine Ultach-Albanai eagraithe in Ionad Oideachais Phobal Bhéal Feirste Thoir



- | | | |
|----|----------------------------------|---|
| 4. | Organisation:
Event:
Date: | Institute of Ulster Scots Studies
Laggan Army Conference
21 st June 2003 |
|----|----------------------------------|---|

The Institute of Ulster-Scots Studies recent seminar on *The Laggan Army and the British Forces in Ulster 1641-52* was a huge success. Although the Laggan Army is one of the least explored aspects of this period of history, there was great interest in the event and around 60 people from Londonderry, Donegal and further afield enjoyed renowned academics explore various aspects of this topic. These included Dr Robert Armstrong of Trinity College Dublin who discussed Presbyterianism in North-West Ulster and Dr Pat McCarthy who looked at the battle of Glenmaquin in the parish of Raphoe, one of the major battles of the Laggan Army campaign.

The morning session also saw the launch by Lord Laird of Artigarvan of an important leaflet on The Laggan Army by Dr William Kelly of the Institute of Ulster-Scots Studies, part of the series on *Great Ulster-Scots, People and Events in History*.

Two members of the Wars of the Three Kingdoms Society attended the conference and their re enactment added greatly to the occasion. Resplendent in their red-coated uniforms, they gave a demonstration of how Lagganeers would have used their primary weapons, the matchlock musket and pike. As part of the conference visitors also enjoyed an entertaining yet informative tour of the city walls on the theme of the Forgotten Siege of Derry in 1649.

Lively discussion followed the papers demonstrating widespread interest in the period in general and the Laggan forces in particular. Professor Jane Ohlmeyer from Trinity College Dublin summed up the proceedings and recommended that anyone interested in researching particular Laggan officers should visit a most interesting database from Aberdeen University. (www.abdn.ac.uk/ssne) The Institute now intends to publish a selection of the conference proceedings at a later date.

The conference was a value for money event as there was a large audience from many different parts of Ireland in attendance with participants drawn

Ghníomhaireacht Ultach-Albanach agus ó Chomhairle Bhuirg Latharna bhíothas in ann an ócáid thábhachtach seo a mhaoiniú agus a stáitsiú.

Bhí an t-aiseolas an-dearfach agus is dóigh linn gur cuireadh sonraí faoin ócáid mar aon leis an bhuneolas ó na cainteanna siar isteach sna pobail ónar tháinig na rannpháirtithe. Braithimid go raibh luach ar airgid san ócáid, maidir leis na gnéithe seo a leanas ach go háirithe:-

- Aibhsiú a dhéanamh ar phróifil James Orr, bard Bhaile Cora, an duine is mó le rá as na filí fíodóra Ultach-Albanacha, agus breis tuisceana a chothú ar a chuid saothair, agus
- Aibhsiú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla sa cheangal agus san oidhreacht Ultach-Albanach, raon a chuimsíonn idir chanúint agus an léirscrios ar an bhád farantóireachta idir Albain agus Tuaisceart Éireann sa bhliain 1953.

4.	Eagraíocht:	Institute of Ulster Scots Studies
	Imeacht:	Laggan Army Conference
	Dáta:	21 Meitheamh 2003

D'éirigh go maith le seimineár Institiúid an Léinn Ultach-Albanaigh a bhí ann le deireanas ar *The Laggan Army and the British Forces in Ulster 1641-52*. Cé go bhfuil Arm an Lagáin ar na gnéithe is lú a bhfuil cioradh déanta orthu sa tréimhse sin den stair, cuireadh an-spéis san ócáid agus bhí timpeall 60 duine i láthair as Doire, Dún na nGall agus níos faide ó bhaile a bhain taitneamh as a bheith ag éisteacht le hacadóirí ag déanamh cioradh ar ghnéithe éagsúla den topaic sin. Ina measc siúd bhí an Dr. Robert Armstrong ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a phléigh an Preispitéireachas in iarthuaisceart Uladh agus an Dr. Pat McCarthy a bhreathnaigh ar chogadh Glenmaquin i bparóiste Ráth Bhoth, ceann de na príomhchathanna i bhfeachtas Arm an Lagáin.

Agus i gcaitheamh sheisiún na maidne lainseáil an Tiarna Laird Ard Tigh Garbháin leabhrán tábhachtach ar Arm an Lagáin leis an Dr. William Kelly ó Institiúid an Léinn Ultach-Albanaigh, cuid den tsraith ar *Great Ulster-Scots, People and Events in History*.

Bhí beirt bhall den “Wars of the Three Kingdoms Society” i láthair ag an chomhdháil agus chuir a léiriú siúd go mór leis an ócáid. Agus iad gléasta go snasta ina gcuid cotaí dearga, thug siad léiriú ar an chaoi a mbeadh na Lagánaithe ag baint úsáide as na príomhuirlisí a bhí acu, muscaed “matchlock” agus píce. Mar chuid den chomhdháil bhain na cuairteoirí taitneamh as turas spráúil faisnéiseach ar bhallaí na cathrach bunaithe ar théama Léigear Dearmadta Dhoire sa bhliain 1649.

Bhí plé briomhar ann i ndiaidh na bpáipéar agus ba léir go raibh spéis fhorleathan sa tréimhse i gcoitinne agus i bhfórsaí an Lagáin ach go háirithe. Rinne an tOllamh Jane Ohlmeyer ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, coimriú ar na himeachtaí agus mhol sí d'éinne ar spéis leis taighde a dhéanamh ar oifigigh Lagánacha ar leith cuairt a thabhairt ar bhunachar sonraí an-spéisiúil ó Ollscoil Obar Dheathain. (www.abdn.ac.uk/ssne) Tá sé i gceist ag an Institiúid anois rogha as imeachtaí na Comhdhála a fhoilsiú níos faide anonn.

B'fhiú an t-airgead an chomhdháil, ó bhí slua mór i láthair as iliomad cearn d'Éirinn agus rannpháirtithe ann ón aos acadúil agus ón mhuintir ar spéis leo an stair áitiúil.

from the academic community as well as those whose interest is in local history.

Understanding

- | | | |
|----|---------------|-----------------------------------|
| 1. | Organisation: | Ulster-Scots Heritage Council |
| | Event: | Understanding Identity Conference |
| | Date: | 22 nd September 2003 |

The event was held in Farset International Hostel, Springfield Road, Belfast on Monday 22nd September 2003.

The intention behind Understanding Identity was twofold. Firstly, to present representatives of the Ulster-Scots community with the opportunity to meet and interact with major cultural facilitators and providers. Secondly, to allow the USHC to make a presentation of the Ulster-Scots tradition in terms of recognition, identity, diversity and equality

The presentation would be followed by a plenary session discussion, which would deal with any questions, queries, misconceptions and concerns which some of the delegates and/or their organisations may have had.

A total of 25 delegates attended and the evening began with a “get to know you” dinner.

After dinner, the presentation lasted about thirty minutes and was followed by a frank and full discussion between those representing the various strands of the Ulster-Scots movement and the representatives of the various cultural organisations. The discussions lasted around one and a half hours. The discussions dealt with a range of issues and topics and, indeed, many concerns were addressed, but by no means all.

It was worrying to hear representatives of some organisations being openly hostile towards the Ulster-Scots tradition. However, the seminar clearly demonstrated that the movement still has much to do if we are to convince both funders and, particularly those from other traditions and cultural backgrounds, of the validity of the tradition that is Ulster-Scots. The passage of time will tell if this is due to a general ignorance, or prejudice.

The evening concluded with music provided by Robert Watt and Emma Culbert.

The Ulster-Scots Heritage Council feels this should be the first of a series of such events, with selected target audiences. The USHC feel it is incumbent upon everyone to continue the good work that has seen Ulster-Scots flourish in recent years and generally continue the promotion of the Ulster-Scots tradition and raise the general awareness of all aspects of it.

- | | | |
|----|---------------|---|
| 2. | Organisation: | Greater Shankill Community Festival |
| | Event: | Battles to Bagpipes |
| | Date: | 21 st June – 4 th July 2003 |

“Battles to Bagpipes” was a cultural project targeted at the greater Shankill area, which is inclusive of Ballysillan, Woodvale, Highfield, Glencairn and Lower Shankill. (23,000 residents) Its aim was to deliver workshops, lectures and performances leading to social history exhibitions. It was totally community led and acted as an enabler in empowering local people to develop cultural activity relevant to them.

Feasacht

- | | | |
|----|-------------|-----------------------------------|
| 1. | Eagraíocht: | Ulster-Scots Heritage Council |
| | Imeacht: | Understanding Identity Conference |
| | Dáta: | 22 Meán Fómhair 2003 |

Tionóladh an ócáid sa Farset International Hotel, Bóthar Springfield, Béal Feirste, Dé Luain 22ú Meán Fómhair 2003.

